Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0116

Mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac agus Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú) a ionadú

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú) (COM(2024)0060 – C9-0028/2024 – 2024/0035(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach – athmhúnlú)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0097/2025).

Leasú 1
Togra le haghaidh treorach
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Tá leanaí ag éirí níos gníomhaí ar líne ó aois óg, agus léiríonn an fhianaise atá ar fáil gur cosúil go bhfuil buachaillí agus cailíní leochaileach ar bhealaí éagsúla. Cé go bhfuil cailíní i mbaol díréireach an chibearfhoréigin, lena n-áirítear ciapadh ar líne, comhéigean gnéis, díobháil ghnéasach, agus teacht i dtír, is mó seans go bhfulaingeoidh buachaillí comhéigean gnéis airgeadais agus nach bhfuil siad chomh feasach céanna ar rioscaí ar líne i gcomparáid le cailíní. Léirítear i staidéir gur fhulaing bean amháin as gach deichniúr cibearfhoréigean inscnebhunaithe ó bhí siad 15 bliana d'aois, agus thuairiscigh 58 % de chailíní gur fhulaing siad ciapadh ar líne. Tá rioscaí níos airde fós ann do leanaí LGBTIQ+. Le dáileadh íomhánna neamhthoiliúil agus trádáil ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, treisítear steiréitíopaí agus neamhionannais dhíobhálacha inscne a thuilleadh. Is cailíní iad dhá thrian ar a laghad de mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí. Dá bhrí sin, seachas na hidirghabhálacha céanna a úsáid go neamh-idirdhealaitheach chun díriú ar gach leanbh, ba cheart

idirghabhálacha saincheaptha atá íogair ó thaobh inscne de a fhorbairt chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, lena n-áiritheofar go gcuirfidh ardáin dhigiteacha cosaintí láidre chun feidhme atá ailínithe le cearta bunúsacha agus le reachtaíocht a rinneadh le déanaí maidir le foréigean in aghaidh na mban, lena n-áirítear cibearfhoréigean.

Leasú 2
Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Is minic a áirítear in ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí íomhánna ina dtaifeadtar mí-úsáid ghnéasach leanaí á déanamh ag daoine fásta. D'fhéadfadh íomhánna de leanaí atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, nó íomhánna de ***ghnéasorgáin*** leanaí, a bheith i gceist le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin, i gcásanna ina ndéantar na híomhánna sin a chruthú agus a úsáid go príomha chun críoch gnéasach agus ina dtagtar i tír orthu agus a fhios ag an leanbh nó i ngan fhios dó. Thairis sin, cumhdaítear le coincheap an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin íomhánna réalaíocha de leanbh, i gcás ina bhfuil leanbh rannpháirteach in iompar gáirsiúil go príomha chun críoch gnéasach nó ina léirítear leanbh mar a bheith rannpháirteach in iompar den	(10) Is minic a áirítear in ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, ***gan beann ar a mhodh cruthaithe, lena n-áirítear trí intleacht shaorga a úsáid,*** íomhánna ina dtaifeadtar mí-úsáid ghnéasach leanaí á déanamh ag daoine fásta. D'fhéadfadh íomhánna de leanaí atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, nó íomhánna dá ***mbaill dhlúthphearsanta***, a bheith i gceist le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin, i gcásanna ina ndéantar na híomhánna sin a chruthú agus a úsáid go príomha chun críoch gnéasach agus ina dtagtar i tír orthu agus a fhios ag an leanbh nó i ngan fhios dó. Thairis sin, cumhdaítear le coincheap an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin íomhánna réalaíocha de leanbh, i gcás ina bhfuil leanbh rannpháirteach in iompar gáirsiúil go príomha chun críoch gnéasach nó ina léirítear

sórt sin , chomh maith le ‘lámhleabhair ***péidifileach***’ mar a thugtar orthu .

leanbh mar a bheith rannpháirteach in iompar den sórt sin , chomh maith le ‘lámhleabhair ***treoracha***’ mar a thugtar orthu***, a bhfuil sé beartaithe leo comhairle, treoraíocht nó treoracha a sholáthar maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a ghiniúint, a dháileadh nó a fháil agus maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach nó sirtheoireacht leanaí a dhéanamh***.

Leasú 3
Togra le haghaidh treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(11) Tá sé léirithe sa taighde nach amháin go bhfuil sé ríthábhachtach scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a theorannú chun athíospairt atá nasctha le cúrsaíocht íomhánna agus físeán den mhí-úsáid a sheachaint ach go bhfuil sé bunriachtanach freisin mar chineál coiscthe ar thaobh an chiontóra, ós rud é gur minic gurb é rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí an chéad chéim i dtreo mí-úsáid phraiticiúil, gan beann ar an léirítear fíormhí-úsáid agus fíortheacht i dtír nó mí-úsáid agus teacht i dtír a bhfuil cuma réalaíoch orthu ann. Tá coinne leis go dtiocfaidh fás as cuimse ar fhorbairt leanúnach na bhfeidhmchlár intleachta saorga atá in ann íomhánna réalaíocha a chruthú nach féidir a idirdhealú ó fhíoríomhánna, líon na n-

(11) Tá sé léirithe sa taighde nach amháin go bhfuil sé ríthábhachtach scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a theorannú chun athíospairt atá nasctha le cúrsaíocht íomhánna agus físeán den mhí-úsáid a sheachaint ach go bhfuil sé bunriachtanach freisin mar chineál coiscthe ar thaobh an chiontóra, ós rud é gur minic gurb é rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí an chéad chéim i dtreo mí-úsáid phraiticiúil, gan beann ar an léirítear fíormhí-úsáid agus fíortheacht i dtír nó mí-úsáid agus teacht i dtír a bhfuil cuma réalaíoch orthu ann. Tá coinne leis go dtiocfaidh fás as cuimse ar fhorbairt leanúnach na bhfeidhmchlár intleachta saorga atá in ann íomhánna réalaíocha a chruthú nach féidir a idirdhealú ó fhíoríomhánna, líon na n-

íomhánna agus na bhfíseán ar a dtugtar íomhánna agus físeáin ‘dhomhainbhrionnúcháin’ ina léirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, ní chumhdaítear go hiomlán leis an sainmhíniú atá ann cheana forbairt timpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta físrúla a bhaineann úsáid as abhatáir lena n-áirítear aisfhotha céadfach, e.g. trí ghléasanna lenar féidir teagmháil a bhrath. Le tagairt shainráite do ‘macasamhlacha agus léirithe’, ba cheart a áirithiú go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad sin agus forbairtí teicneolaíocha a thiocfaidh chun cinn amach anseo ar bhealach atá neodrach go leor ó thaobh na teicneolaíochta de agus, dá bhrí sin, a sheasfaidh an aimsir.

íomhánna ‘domhainbhrionnúcháin’, mar a thugtar orthu***, líon na mbréag-ghrianghraf agus na bhfíseán arna nginiúint le córais intleachta saorga nó arna gcruthú trí aon mhodh ríomhairithe eile*** ina léirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, ní chumhdaítear go hiomlán leis an sainmhíniú atá ann cheana forbairt timpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta físrúla a bhaineann úsáid as abhatáir lena n-áirítear aisfhotha céadfach, e.g. trí ghléasanna lenar féidir teagmháil a bhrath. Le tagairt shainráite ***do léirithe arna nginiúint ‘trí mheán ar bith’ agus leis an tagairt*** do ‘macasamhlacha agus léirithe’ ***gan beann ar a modh cruthaithe nó ionramhála***, ba cheart a áirithiú go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad sin agus forbairtí teicneolaíocha a thiocfaidh chun cinn amach anseo ar bhealach atá neodrach go leor ó thaobh na teicneolaíochta de agus, dá bhrí sin, a sheasfaidh an aimsir.

Leasú 4
Togra le haghaidh treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, ba cheart ***‘lámhleabhair péidifileach’, mar a thugtar***

Leasú

(12) Chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, ba cheart ***treoracha maidir le conas mí-úsáid***

orthu, a áireamh sa sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Cuireann lámhleabhair ***péidifileach*** comhairle ar fáil maidir le conas leanaí a aimsiú, conas mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu agus conas a sheachaint go ndéanfaí an ciontóir a aithint agus a ionchúiseamh. Trí bhacainní a ísliú agus an fios gnó is gá a sholáthar, cuidíonn siad le ciontóirí a ghríosú agus tacaíonn siad le mí-úsáid ghnéasach. Mar thoradh ar a scaipeadh ar líne, tá Ballstáit áirithe tar éis a ndlí coiriúil a leasú agus seilbh agus dáileadh ***lámhleabhar*** den sórt sin a choiriúlú go sainráite. Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe, tá leibhéal míchothrom cosanta ann ar fud an Aontais.

ghnéasach a bhaint as leanaí agus teacht i dtír ar leanaí a áireamh leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, gan beann ar an gcaoi a dtugtar na treoracha sin. ***Leis na treoracha sin, lena n-áirítear i bhfoirm lámhleabhar***, tugtar comhairle maidir le conas leanaí a aimsiú, conas mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu agus conas a sheachaint go ndéanfaí an ciontóir a aithint agus a ionchúiseamh ***nó treoraíocht a thabhairt maidir le conas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a ghiniúint, a dháileadh nó a fháil***. ***Ba cheart samhlacha digiteacha nó leideanna lena gcumasaítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a ghintear leis an intleacht shaorga a chruthú a mheas freisin mar threoracha maidir le conas mí-úsáid ghnéasach a bhaint as leanaí nó conas teacht i dtír ar leanaí agus, dá bhrí sin, a thagann faoin sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí***. Trí bhacainní a ísliú agus an fios gnó is gá a sholáthar, cuidíonn siad le ciontóirí a ghríosú agus tacaíonn siad le mí-úsáid ghnéasach. Mar thoradh ar a scaipeadh ar líne, tá Ballstáit áirithe tar éis a ndlí coiriúil a leasú agus seilbh agus dáileadh ***treoracha*** den sórt sin a choiriúlú go sainráite. Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe, tá leibhéal míchothrom cosanta ann ar fud an Aontais.

Leasú 5
Togra le haghaidh treorach
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a)Tá an easpa toilithe mar chuid de ghnéithe bunaitheacha roinnt de na cionta a leagtar amach sa Treoir seo. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil sé fíor-riachtanach sainmhíniú ar thoiliú a thabhairt isteach chun cur chun feidhme cuí na treorach seo a áirithiú.

Leasú 6
Togra le haghaidh treorach
Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) Tá na cearta a leagtar amach sa Treoir seo gan dochar do chearta an chiontóra. Tagraíonn an téarma 'ciontóir' do dhuine atá ciontaithe as coir. Chun críocha na Treorach seo, áfach, tagraíonn sé do dhuine a bhfuil amhras faoi nó atá cúisithe sula n-aithnítear go bhfuil sé ciontach nó ciontaithe, agus tá sé gan dochar do thoimhde na neamhchiontachta.

Leasú 7
Togra le haghaidh treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Agus reachtaíocht maidir	(14) Agus reachtaíocht maidir

leis an dlí coiriúil substainteach á glacadh aige, ba cheart don Aontas Eorpach comhsheasmhacht na reachtaíochta sin a áirithiú go háirithe maidir le leibhéal na bpionós a ghearrtar. Toisc go bhfuil líon an-ard de chionta éagsúla luaite sa Treoir seo, is gá, chun na leibhéil éagsúla tromchúise a léiriú, idirdhealú níos mó a dhéanamh inti idir leibhéal na bpionós ná mar ba cheart a sholáthar de ghnáth in ionstraimí dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.

leis an dlí coiriúil substainteach á glacadh aige, ba cheart don Aontas Eorpach comhsheasmhacht na reachtaíochta sin a áirithiú go háirithe maidir le leibhéal na bpionós a ghearrtar. Toisc go bhfuil líon an-ard de chionta éagsúla luaite sa Treoir seo, is gá, chun na leibhéil éagsúla tromchúise a léiriú, idirdhealú níos mó a dhéanamh inti idir leibhéal na bpionós ná mar ba cheart a sholáthar de ghnáth in ionstraimí dlí de chuid an Aontais Eorpaigh. ***Ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo go gcumhdaítear cionta arna n-éascú leis an teicneolaíocht leis na pionóis chéanna le cionta eile, ós rud é go bhfuil an tromchúis agus an tráma a easchraíonn as na cionta sin coibhéiseach.***

Leasú 8
Togra le haghaidh treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart cineálacha tromchúiseacha den mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a bheith faoi réir pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áirítear leis sin, go háirithe, cineálacha éagsúla den mhí-úsáid gnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a éascaítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, amhail sirtheoireacht leanaí a dhéantar ar líne chun críoch gnéasach trí shuíomhanna	(15) Ba cheart cineálacha tromchúiseacha den mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a bheith faoi réir pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áirítear leis sin, go háirithe, cineálacha éagsúla den mhí-úsáid gnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a éascaítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, amhail sirtheoireacht leanaí a dhéantar ar líne chun críoch gnéasach trí shuíomhanna

gréasáin líonra shóisialta agus trí sheomraí comhrá. Ba cheart an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a shoiléiriú agus a thabhairt níos gaire don sainmhíniú atá sna hionstraimí idirnáisiúnta. Ar bhonn níos leithne, ba cheart an téarmaíocht a úsáidtear sa Treoir seo a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta amhail na Treoirlínte Téarmeolaíochta um Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach arna nglacadh ag an Meitheal Idirghníomhaireachta i Lucsamburg an 28 Eanáir 2016.	gréasáin líonra shóisialta agus trí sheomraí comhrá. Ba cheart an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a shoiléiriú agus a thabhairt níos gaire don sainmhíniú atá sna hionstraimí idirnáisiúnta. Ar bhonn níos leithne, ba cheart an téarmaíocht a úsáidtear sa Treoir seo a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta amhail na Treoirlínte Téarmeolaíochta um Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach arna nglacadh ag an Meitheal Idirghníomhaireachta i Lucsamburg an 28 Eanáir 2016. ***Thairis sin, chun cur chun feidhme éifeachtúil na Treorach seo a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit an teanga a úsáidtear ina ndlí náisiúnta a chomhchuibhiú agus a nuachóiriú chun í a ailíniú leis an teanga a úsáidtear sa Treoir seo. Mar bheart tosaigh ríthábhachtach, is éard atá i gceist leis sin 'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí' a chur in ionad an téarma 'pornagrafaíocht leanaí'.***
Leasú 9 **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 15 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a)Chun cosaint níos fearr a bhaint amach do leanaí ar líne agus chun bearta coisctheacha a threisiú, ba cheart coir a dhéanamh freisin as leanaí a nochtadh d'ábhar

pornagrafach d'aon ghnó, chun críoch gnéasach.

Leasú 10
Togra le haghaidh treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) I gcomhthéacs ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, leis an téarma ná meastar go ndearnadh é gan cheart', cuirtear ar chumas na mBallstát cosaint a sholáthar i leith iompar a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil mar shampla, cuspóir leighis, cuspóir eolaíochta nó cuspóir eile comhchosúil ag gabháil leis. Leis sin freisin, ceadaítear gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chumhachtaí dlí intíre, amhail ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith ina seilbh go dlisteanach ag na húdaráis chun imeachtaí coiriúla a sheoladh nó chun coireacht a chosc, a bhrath nó a fhiosrú , nó gníomhaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, i gcás inar thug na húdaráis inniúla sna Ballstáit ina bhfuil siad bunaithe údarú dóibh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin, go háirithe, tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a ghlacadh, a chruthú, agus anailís a dhéanamh orthu, lena n-áirítear cinneadh an tsuímh ina ndéantar an t-ábhar dá dtagraítear sna tuairiscí a óstáil, ar tuairiscí iad a chuireann úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile atá ag gníomhú ar mhaithe le	(20) I gcomhthéacs ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, leis an téarma ná meastar go ndearnadh é gan cheart, cuirtear ar chumas na mBallstát cosaint a sholáthar i leith iompar a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil mar shampla, cuspóir leighis, cuspóir eolaíochta nó cuspóir eile comhchosúil ag gabháil leis. ***Thairis sin, ní chuirtear as an áireamh leis an téarma 'gan cheart' cosaintí dlíthiúla ná prionsabail ábhartha comhchosúla lena mbaintear freagracht de dhuine faoi imthosca sonracha.*** Leis sin freisin, ceadaítear gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chumhachtaí dlí intíre, amhail ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith ina seilbh go dlisteanach ag na húdaráis chun imeachtaí coiriúla a sheoladh nó chun coireacht a chosc, a bhrath nó a fhiosrú , nó gníomhaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí***, amhail beolínte,*** i gcás inar thug na húdaráis inniúla sna Ballstáit ina bhfuil siad bunaithe údarú dóibh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin, go háirithe, tuairiscí maidir le hábhar mí-

leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí faoina mbráid, chomh maith le cuardaigh a dhéanamh chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath . ***Thairis sin, ní chuirtear as an áireamh leis an téarma 'gan cheart' cosaintí dlíthiúla ná prionsabail ábhartha comhchosúla lena mbaintear freagracht de dhuine faoi imthosca sonracha. .***

úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a ghlacadh, a chruthú, agus anailís a dhéanamh orthu, lena n-áirítear cinneadh an tsuímh ina ndéantar an t-ábhar dá dtagraítear sna tuairiscí a óstáil, ar tuairiscí iad a chuireann úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí faoina mbráid, chomh maith le cuardaigh a dhéanamh chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath.

Leasú 11
Togra le haghaidh treorach
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a)Eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, amhail comhaltaí líonra na mbeolínte INHOPE, tá siad gníomhach le blianta i roinnt Ballstát, agus iad ag comhoibriú le lucht forfheidhmithe dlí agus le soláthraithe chun an próiseas a bhaineann le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint agus a thuairisciú a éascú. Leis an obair sin, téitear i ngleic le hathíospairt trí scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne a theorannú, agus is féidir fianaise a sholáthar do lucht forfheidhmithe dlí maidir le coireanna a rinneadh. Mar sin féin, tá difríocht mhór idir an creat dlíthiúil ina n-oibríonn siad ó Bhallstát go chéile

agus, in go leor cásanna, tá easpa ann maidir leis na cúraimí is féidir leis na heagraíochtaí sin a dhéanamh go dleathach a shainaithint, chomh maith leis na coinníollacha ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann creat dlíthiúil a thabhairt do na heagraíochtaí sin na cúraimí ábhartha a dhéanamh, agus go háirithe ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a phróiseáil, agus sa chás sin níor cheart a mheas gur 'gan cheart' atá an phróiseáil. Tá gá le creat dlíthiúil den sórt sin toisc go méadaíonn sé an deimhneacht dhlíthiúil, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir údaráis náisiúnta agus gníomhaithe eile atá rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus chun tacú le cearta na n-íospartach trí ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint den timpeallacht dhigiteach phoiblí.

Leasú 12
Togra le haghaidh treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Is bagairt a bhfuil gnéithe sonracha ag gabháil léi atá i sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach i gcomhthéacs an Idirlín, ós rud é go dtugtar anaithnideacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe d'úsáideoirí leis an Idirlíon, toisc gur féidir leo a bhfíorchéannacht agus a dtréithe pearsanta, amhail a n-	(22) Is bagairt a bhfuil gnéithe sonracha ag gabháil léi atá i sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach i gcomhthéacs an Idirlín, ós rud é go dtugtar anaithnideacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe d'úsáideoirí leis an Idirlíon, toisc gur féidir leo a bhfíorchéannacht agus a dtréithe pearsanta, amhail a n-

aois, a cheilt. Le deich mbliana anuas, le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tá rochtain níos éasca ag ciontóirí ar leanaí, agus is minic a thosaítear an teagmháil nuair a mheallann an ciontóir an leanbh chuig cora míchuibhiúla, mar shampla trí ligean air gur piaraí é nó trí iompar eile dallamullógach nó moltach. Mar thoradh ar an rochtain mhéadaithe sin ar leanaí tá fás tapa tagtha ar fheiniméin amhail ***'comhéigean gnéis' (i.e. an bhagairt*** ábhar dlúthphearsanta ina léirítear an t-íospartach a chomhroinnt chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil), rud a dhéanann difear do leanaí faoin aois toilithe gnéis agus os a cionn. Tá borradh tagtha le blianta beaga anuas ar ***chomhéigean gnéis*** a bhfuil cúiseanna airgid mar bhunús leis arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe a dhíríonn go háirithe ar bhuachaillí sna déaga, agus mar thoradh air sin chuir go leor de na leanaí sin lámh ina mbás féin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go gcumhdófaí na feiniméin sin go léir go hiomchuí i ndlí na mBallstát. An tráth céanna, aithníonn na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le sirtheoireacht linbh lasmuigh de chomhthéacs an Idirlín a chomhrac, go háirithe i gcás nach ndéantar an tsirtheoireacht sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis an iompar i gcás ina ndéantar sirtheoireacht linbh i láthair an linbh nó i ngaireacht dó chun go mbuailfeadh sé leis an gciontóir chun críoch gnéasach, mar shampla i bhfoirm chion ullmhaitheach ar leith, i bhfoirm iarracht na cionta dá dtagraítear

aois, a cheilt. Le deich mbliana anuas, le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tá rochtain níos éasca ag ciontóirí ar leanaí, agus is minic a thosaítear an teagmháil nuair a mheallann an ciontóir an leanbh chuig cora míchuibhiúla ***san fhíorshaol agus sa domhan fíorúil araon,*** mar shampla trí ligean air gur piaraí é nó trí iompar eile dallamullógach nó moltach. Mar thoradh ar an rochtain mhéadaithe sin ar leanaí, tá fás tapa tagtha ar fheiniméin amhail ***comhéigean gnéis***. ***Tagraíonn comhéigean gnéis leanaí don bhagairt ábhar dlúthphearsanta ina bhfuil íospartach linbh a dháileadh*** chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó ***cineálacha eile gnóthachain a fháil, faoin mbagairt an t-ábhar sin a chomhroinnt gan toiliú an duine léirithe***, rud a dhéanann difear do leanaí faoi bhun agus os cionn na haoise toilithe gnéis. Tá borradh tagtha le blianta beaga anuas ar ***chomhéigean gnéis*** a bhfuil cúiseanna airgid mar bhunús leis arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe a dhíríonn go háirithe ar bhuachaillí sna déaga, agus mar thoradh air sin chuir go leor de na leanaí sin lámh ina mbás féin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go gcumhdófaí na feiniméin sin go léir go hiomchuí i ndlí na mBallstát. An tráth céanna, aithníonn na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le sirtheoireacht linbh lasmuigh de chomhthéacs an Idirlín a chomhrac, go háirithe i gcás nach ndéantar an tsirtheoireacht sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis an iompar i gcás ina ndéantar sirtheoireacht linbh i láthair an

sa Treoir seo a dhéanamh nó i bhfoirm ar leith den mhí-úsáid ghnéasach, iarrtar ar na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú. Cibé acu réiteach dlíthiúil a roghnófar chun ‘mealltóireacht as líne’ a choiriúlú, ba cheart do na Ballstáit déantóirí na gcionta sin a ionchúiseamh.

linbh nó i ngaireacht dó chun go mbuailfeadh sé leis an gciontóir chun críoch gnéasach, mar shampla i bhfoirm chion ullmhaitheach ar leith, i bhfoirm iarracht na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó i bhfoirm ar leith den mhí-úsáid ghnéasach, iarrtar ar na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú. Cibé acu réiteach dlíthiúil a roghnófar chun ‘mealltóireacht as líne’ a choiriúlú, ba cheart do na Ballstáit déantóirí na gcionta sin a ionchúiseamh.

Leasú 13
Togra le haghaidh treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta le déanaí agus, go háirithe, i bhfianaise fhorbairt na dtimpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta fíorúla, níor cheart coiriúlú sirtheoireachta leanaí a theorannú do chomhráite gutha, téacs nó poist, ach ba cheart teagmhálacha nó malartuithe i dtimpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe nó réaltachta fíorúla a áireamh freisin, chomh maith le sirtheoireacht leanaí ar mhórscála trí úsáid a bhaint as botaí comhrá atá oilte chun na críche sin, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfeiniméan sin féin i bhfianaise éabhlóid intuartha na bhfeidhmchlár intleachta saorga. Dá bhrí sin, ba cheart ‘trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide’ a thuiscint ar	(23) I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta le déanaí agus, go háirithe***, i bhfianaise fhorbairt na hintleachta saorga agus*** fhorbairt na dtimpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta fíorúla***, tá géarghá le haghaidh a thabhairt ar shirtheoireacht leanaí ar bhealach níos éifeachtaí agus meastóireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil:*** níor cheart coiriúlú sirtheoireachta leanaí a bheith teoranta do chomhráite gutha, téacs nó poist, ach ba cheart go n-áireofaí ann freisin teagmhálacha, malartuithe ***nó cruinnithe a bhíonn ar siúl san fhíorshaol nó i ndomhain fhíorúla lena n-áirítear*** i suíomhanna réaltachta breisithe, leathnaithe nó fíorúla, chomh maith le sirtheoireacht

bhealach atá leathan go leor chun na forbairtí teicneolaíochta sin go léir a chumhdach.

mhórscála leanaí trí úsáid a bhaint as botaí comhrá atá oilte chun na críche sin, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfeiniméan sin féin i bhfianaise éabhlóid intuartha na bhfeidhmchlár intleachta saorga. Dá bhrí sin, ba cheart ‘trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide’ a thuiscint ar bhealach atá leathan go leor chun na forbairtí teicneolaíochta sin go léir a chumhdach.

Leasú 14
Togra le haghaidh treorach
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a)Tá córais Intleachta Saorga á n-úsáid chun mí-úsáid ghnéasach a bhaint as leanaí ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trí íomhánna d’fhíor-pháistí a úsáid chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chruthú, nó trí ghuthanna leanaí iarbhír a úsáid in ábhar den sórt sin. Is é an toradh a bhíonn air sin íospairt leanaí, lena bhféadfaí marthanóirí mí-úsáide gnéasaí leanaí roimhe sin a áireamh. Cuireann úsáid na teicneolaíochta ar chumas ciontóirí freisin a gcéannacht a cheilt agus leanaí a mhealladh agus mí-úsáid a bhaint astu ar bhealach níos éifeachtaí ar líne, mar shampla trí theicnící uathoibrithe mealltóireachta. Chun dul i ngleic leis na feiniméin sin, ba cheart fáil nó seilbh, dáileadh, scaipeadh nó tarchur, cruthú nó oiriúnú

uirlisí den sórt sin arna ndearadh nó arna n-oiriúnú go príomha chun cruthú ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a éascú a choiriúlú

Leasú 15
Togra le haghaidh treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ní rialaítear leis an Treoir seo beartais na mBallstát maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhféadfadh leanaí a bheith rannpháirteach iontu agus ar féidir iad a mheas a bheith ina gcuid den ghnáthphróiseas foghlama gnéis le linn forbairt dhaonna, agus aird á tabhairt ar na traidisiúin éagsúla chultúrtha agus dhlíthiúla agus ar dhóigheanna nua chun caidreamh i measc leanaí agus ógánach a bhunú agus a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh leas as na féidearthachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo, déanfaidh siad amhlaidh agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhaineann go heisiach le leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis a dhíolmhú ó choiriúlú, chomh maith le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla lena mbaineann piaraí. Tá sé beartaithe leis na leasuithe ar an Airteagal sin raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú, ós rud é go ndealraíonn sé go bhfuil léirmhíniú róleathan	(24) Ní rialaítear leis an Treoir seo beartais na mBallstát maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhféadfadh leanaí a bheith rannpháirteach iontu agus ar féidir iad a mheas a bheith ina gcuid den ghnáthphróiseas foghlama gnéis le linn forbairt dhaonna, agus aird á tabhairt ar na traidisiúin éagsúla chultúrtha agus dhlíthiúla agus ar dhóigheanna nua chun caidreamh i measc leanaí agus ógánach a bhunú agus a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh leas as na féidearthachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo, déanfaidh siad amhlaidh agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhaineann go heisiach le leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis a dhíolmhú ó choiriúlú, chomh maith le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla lena mbaineann piaraí. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcosnófar piaraí ar ionchúiseamh i gcás gníomhaíocht ghnéasach***

ag roinnt Ballstát ar a fhoclaíocht bhunaidh (e.g. trí dhíolmhú ó choiriúlú gníomhaíochtaí comhthoiliúla idir mionaoisigh atá os cionn aois an toilithe agus daoine fásta d'aois ar bith, a mheastar a bheith ina 'bpiaraí' in ainneoin difríocht shuntasach aoise).

chomhthoiliúil agus neamhshaothraithe, ar choinníoll nach bhfuil aon ghné de chomhéigean, de mhí-úsáid muiníne ná de spleáchas idir na piaraí. Tá sé beartaithe leis na leasuithe ar an Airteagal sin raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú, ós rud é go ndealraíonn sé go bhfuil léirmhíniú róleathan ag roinnt Ballstát ar a fhoclaíocht bhunaidh (e.g. trí dhíolmhú ó choiriúlú gníomhaíochtaí comhthoiliúla idir mionaoisigh atá os cionn aois an toilithe agus daoine fásta d'aois ar bith, a mheastar a bheith ina 'bpiaraí' in ainneoin difríocht shuntasach aoise). ***Níor cheart na forálacha a bhaineann le haois an toilithe a léirmhíniú ar bhealach lena dteorannaítear ar bhealach ar bith coiriúlú mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ar leanaí a bhfuil aois an toilithe bainte amach acu toisc nach féidir le haon leanbh toiliú le mí-úsáid ghnéasach.***

Leasú 16
Togra le haghaidh treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le himthosca géaraitheacha ina ndlí náisiúnta i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcórais dlí maidir le himthosca géaraitheacha. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na himthosca géaraitheacha sin ar fáil do bhreithiúna lena gcur san áireamh agus pianbhreith á	(25) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le himthosca géaraitheacha ina ndlí náisiúnta i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcórais dlí maidir le himthosca géaraitheacha. ***Ba cheart aois an íospartaigh, cóireálacha atá dírithe ar ghnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne duine a***

cur ar chiontóirí acu, cé nach bhfuil aon oibleagáid ar bhreithiúna na himthosca géaraitheacha sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart go ndéanfaí foráil i ndlí na mBallstát maidir leis na himthosca géaraitheacha i gcás ina bhfuil siad neamhábhartha agus cineál an chiona shonraigh á chur san áireamh. Ba cheart meastóireacht ar ábharthacht na n-imthosca géaraitheacha éagsúla dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta i leith gach ceann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo.

athrú (‘teiripe tiontaithe’ mar a thugtar air) agus an fíoras gur cúis leis an gcion ceann amháin nó níos mó de na forais a chosnaítear faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh mar imthoisc ghéaraitheach. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na himthosca géaraitheacha sin ar fáil do bhreithiúna lena gcur san áireamh agus pianbhreith á cur ar chiontóirí acu, cé nach bhfuil aon oibleagáid ar bhreithiúna na himthosca géaraitheacha sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart go ndéanfaí foráil i ndlí na mBallstát maidir leis na himthosca géaraitheacha i gcás ina bhfuil siad neamhábhartha agus cineál an chiona shonraigh á chur san áireamh. Ba cheart meastóireacht ar ábharthacht na n-imthosca géaraitheacha éagsúla dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta i leith gach ceann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo.

Leasú 17
Togra le haghaidh treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Maidir le héagumas fisiciúil nó meabhrach faoin Treoir seo, ba cheart é a mheas mar ní lena n-áirítear freisin an staid mhíchumais fhisiciúil nó mheabhraigh ina bhfuil duine mar thoradh ar thionchar drugaí agus alcóil.	(26) Maidir le héagumas fisiciúil nó meabhrach faoin Treoir seo, ba cheart é a mheas mar ní lena n-áirítear freisin an staid mhíchumais fhisiciúil nó mheabhraigh ina bhfuil duine mar thoradh ar thionchar drugaí***, cógas*** agus alcóil***, nó aon substaint a d'fhéadfadh***

saorthoil duine a chur i mbaol*. *Ní féidir le daoine aonair atá i riocht éagumais toiliú feasach agus deonach a thabhairt, lena ndéantar aon ghníomh gnéasach faoi na cúinsí sin neamh-chomhthoiliúil go bunúsach.

Leasú 18
Togra le haghaidh treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(31) Is minic nach mbíonn íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí in ann an choir a thuairisciú go ceann roinnt mhaith blianta tar éis a déanta mar gheall ar an náire, an chiontacht agus an féinmhilleán a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an stiogma sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile, atá fós ag gabháil le mí-úsáid ghnéasach, an rúndacht ina dtarlaíonn an mhí-úsáid, iompar bagrach nó milleánach ón déantóir, agus/nó tráma. Maidir le déantóirí na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, murab ionann agus déantóirí coireanna foréigneacha eile, bíonn siad gníomhach go dtí an tseanaois de ghnáth, agus is bagairt ar leanaí i gcónaí iad. I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus cúnamh agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'íospartaigh, ach amháin má ***cheadaíonn*** reachtanna na

Leasú

(31) Is minic nach mbíonn íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí in ann an choir a thuairisciú go ceann roinnt mhaith blianta tar éis a déanta mar gheall ar an náire, an chiontacht agus an féinmhilleán a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an stiogma sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile, atá fós ag gabháil le mí-úsáid ghnéasach, an rúndacht ina dtarlaíonn an mhí-úsáid, iompar bagrach nó milleánach ón déantóir, agus/nó tráma. ***Mar gheall ar leochaileachtaí sonracha agus teorainneacha forbartha leanaí, d'fhéadfadh sé nach dtuigfidís go hiomlán gur mí-úsáid a bhí ann, go háirithe má bhí an mí-úsáideoir ina dhuine fásta iontaofa. D'fhéadfadh sé go nglacfaidh sé go dtí go bhfuil marthanóirí ina ndaoine fásta chun an aibíocht mhothúchánach a fhorbairt chun an mhí-úsáid a aithint mar a bhí agus chun a héifeachtaí fadtéarmacha a***

dtréimhsí ***d'íospartaigh an choir a thuairisciú ar feadh tréimhse an-fhada ama***.

thuiscint. Is féidir le tráma a bheith ina chúis le híospartaigh na cuimhní a chur faoi chois nó a bhlocáil mar bheart cosanta ar feadh na mblianta. Maidir le déantóirí na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, murab ionann agus déantóirí coireanna foréigneacha eile, bíonn siad gníomhach go dtí an tseanaois de ghnáth, agus is bagairt ar leanaí i gcónaí iad. I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus cúnamh agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'íospartaigh, ach amháin ***má scriostar*** reachtanna na dtréimhsí.

Leasú 19
Togra le haghaidh treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart do na Ballstáit aon duine a bhfuil eolas aige nó a bhfuil amhras air faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí nó faoi theacht i dtír gnéasach ar leanaí a spreagadh chun an t-eolas nó an t-amhras sin a thuairisciú do na seirbhísí inniúla. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do leanaí maidir leis an bhféidearthacht an mhí-úsáid a thuairisciú, lena n-áirítear do línte cabhracha. Is ar gach Ballstát atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na húdaráis inniúla ar cheart an t-amhras sin a thuairisciú dóibh.	(34) Ba cheart do na Ballstáit aon duine a bhfuil eolas aige nó a bhfuil amhras air faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí nó faoi theacht i dtír gnéasach ar leanaí a spreagadh chun an t-eolas nó an t-amhras sin a thuairisciú do na seirbhísí inniúla. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do leanaí maidir leis an bhféidearthacht an mhí-úsáid a thuairisciú, lena n-áirítear do línte cabhracha ***agus trí na hardáin chumarsáide is minice a úsáideann daoine óga***. Is ar gach Ballstát atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh maidir le

Níor cheart na húdaráis inniúla sin a bheith teoranta do sheirbhísí cosanta leanaí nó do sheirbhísí sóisialta ábhartha. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gceanglas amhrais 'de mheon macánta' cosc a chur ar an bhforáil a agairt chun údarú a thabhairt do líomhaintí atá go hiomlán samhailteach nó bréagach agus a dhéantar de mheon mailíseach.

cé hiad na húdaráis inniúla ar cheart an t-amhras sin a thuairisciú dóibh. Níor cheart na húdaráis inniúla sin a bheith teoranta do sheirbhísí cosanta leanaí nó do sheirbhísí sóisialta ábhartha. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gceanglas amhrais 'de mheon macánta' cosc a chur ar an bhforáil a agairt chun údarú a thabhairt do líomhaintí atá go hiomlán samhailteach nó bréagach agus a dhéantar de mheon mailíseach.

Leasú 20
Togra le haghaidh treorach
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34a)Ba cheart oiliúint éigeantach a chur ar gach gairmí, bíodh siad ina mbaill foirne nó ina gconraitheoirí, agus ar shaorálaithe atá i ndlúth-theagmháil le leanaí, chun mí-úsáidí agus na bearta atá le déanamh chun sábháilteacht linbh a áirithiú a aithint. Ba cheart don oiliúint sin díriú ar a bhfuil i gceist le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus as líne, cuidiú le haitheantas a thabhairt do tháscairí mí-úsáide amhail gortuithe fisiciúla, anacair mhothúchánach, athruithe iompraíochta, agus cuidiú le nósanna imeachta tuairiscithe atá ar fáil a shainaithint.

Leasú 21
Togra le haghaidh treorach
Aithris 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásraí tuairiscithe atá ann cheana agus sásraí tuairiscithe nua, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, inrochtana go héasca, sábháilte, oiriúnach do leanaí, rúnda agus saor in aisce. Ba cheart tuairisciú tríú páirtí a thairiscint mar rogha d'íospartaigh chun a rochtain ar an gceartas a éascú, go háirithe i gcás ina bhfuil eagla orthu faoi iarmhairtí i gcás inar thuairiscigh siad an choir go pearsanta nó i gcás ina mbíonn bacainní eile rompu teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis inniúla. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha agus foireann leordhóthanach a chur ar fáil chun tacaíocht agus cúram ceart a áirithiú, agus ba cheart sásraí tuairiscithe a chur isteach laistigh de struchtúir speisialaithe idirghníomhaireachta chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

Leasú 22
Togra le haghaidh treorach
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart rialacha maidir le dlínse a leasú chun a áirithiú go ndéanfar daoine atá	(35) Ba cheart rialacha maidir le dlínse a leasú chun a áirithiú go ndéanfar daoine atá

rannpháirteach i mí-úsáid ghnéasach leanaí ón Aontas nó i dteacht i dtír gnéasach ar leanaí ón Aontas a ionchúiseamh fiú má dhéanann siad na coireanna lasmuigh den Aontas, go háirithe trí thurasóireacht ghnéis, mar a thugtar air. Ba cheart teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***agus*** sa turasóireacht a thuiscint mar theacht i dtír gnéasach ar leanaí ag duine nó daoine a thaistealaíonn amach as a ngnáth-thimpeallacht chuig áit thar lear ina a mbíonn caidreamh gnéasach acu le leanaí. I gcás ina dtarlaíonn teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht lasmuigh den Aontas, iarrtar ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh, trí na hionstraimí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil, lena n-áirítear conarthaí déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le heiseachadadh, cúnamh frithpháirteach nó aistriú na n-imeachtaí agus comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhéadú d'fhonn ***turasóireacht ghnéis*** a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé oscailte agus cumarsáid le tíortha lasmuigh den Aontas a chothú chun bheith in ann déantóirí na gcionta a thaistealaíonn lasmuigh de theorannacha an Aontais chun críoch teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***agus*** sa turasóireacht a ionchúiseamh faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

rannpháirteach i mí-úsáid ghnéasach leanaí ón Aontas nó i dteacht i dtír gnéasach ar leanaí ón Aontas a ionchúiseamh fiú má dhéanann siad na coireanna lasmuigh den Aontas, go háirithe trí thurasóireacht ghnéis, mar a thugtar air. Ba cheart teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal nó sa turasóireacht a thuiscint mar theacht i dtír gnéasach ar leanaí ag duine nó daoine a thaistealaíonn amach as a ngnáth-thimpeallacht chuig áit thar lear ina mbíonn caidreamh gnéasach acu le leanaí agus ina ndéanann siad cion mar a thuairiscítear sa Treoir seo. I gcás ina dtarlaíonn teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***nó*** sa turasóireacht lasmuigh den Aontas, iarrtar ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh, trí na hionstraimí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil, lena n-áirítear conarthaí déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le heiseachadadh, cúnamh frithpháirteach nó aistriú na n-imeachtaí agus comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhéadú d'fhonn ***teacht i dtír gnéasach ar leanaí thar lear*** a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé oscailte agus cumarsáid le tíortha lasmuigh den Aontas a chothú chun bheith in ann déantóirí na gcionta a thaistealaíonn lasmuigh de theorannacha an Aontais chun críoch teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***nó*** sa turasóireacht a ionchúiseamh faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

Leasú 23
Togra le haghaidh treorach
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ba cheart bearta a dhéanamh chun íospartaigh linbh a chosaint ar bhealach cuimsitheach chun a leasa, agus measúnú ar a gcuid riachtanas á chur san áireamh. Tá gá le cur chuige uile-shochaí chun leanaí a chosaint go héifeachtach. Leis an leanbh ag an gcroílár, ba cheart do na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile oibriú le chéile chun an leanbh a chosaint agus chun tacú leis, chun a leasa féin. Is é an tsamhail 'Barnahus' a bhaineann le timpeallacht atá fabhrach do leanaí a sholáthar a bhfuil speisialtóirí ó gach disciplín ábhartha ag obair inti, is é sin an sampla is forbartha faoi láthair de chur chuige atá fabhrach do leanaí i leith an cheartais agus chun athíospairt a sheachaint. Tá forálacha ábhartha na Treorach seo bunaithe ar phrionsabail na samhla sin. Is é is aidhm don tsamhail sin a áirithiú go bhfaighidh gach leanbh atá rannpháirteach in imscrúduithe maidir le mí-úsáid leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí measúnú ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí atá fabhrach do leanaí, as tacaíocht shíceasóisialta iomchuí agus as seirbhísí cosanta leanaí. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go seasfaidh na Ballstáit uile leis na prionsabail sin, cé nach gceanglaítear léi i ndáiríre ar na Ballstáit samhail Barnahus ***a leanúint***. I gcás inar gá scrúduithe leighis a dhéanamh ar an leanbh chun críocha na n-	(36) Ba cheart bearta a dhéanamh chun íospartaigh linbh a chosaint ar bhealach cuimsitheach chun a leasa, agus measúnú ar a gcuid riachtanas á chur san áireamh. Tá gá le cur chuige uile-shochaí chun leanaí a chosaint go héifeachtach. Leis an leanbh ag an gcroílár, ba cheart do na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile oibriú le chéile chun an leanbh a chosaint agus chun tacú leis, chun a leasa féin. Is é an tsamhail 'Barnahus' a bhaineann le timpeallacht atá fabhrach do leanaí a sholáthar a bhfuil speisialtóirí ó gach disciplín ábhartha ag obair inti, is é sin an sampla is forbartha faoi láthair de chur chuige atá fabhrach do leanaí i leith an cheartais agus chun athíospairt a sheachaint. Tá forálacha ábhartha na Treorach seo bunaithe ar phrionsabail na samhla sin. Is é is aidhm don tsamhail sin a áirithiú go bhfaighidh gach leanbh atá rannpháirteach in imscrúduithe maidir le mí-úsáid leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí measúnú ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí atá fabhrach do leanaí, as tacaíocht shíceasóisialta iomchuí agus as seirbhísí cosanta leanaí. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go seasfaidh na Ballstáit uile leis na prionsabail sin ***atá dírithe ar íospartaigh agus go gcuirfidh siad córais cosanta leanaí atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus ildisciplíneach i bhfeidhm chun cúram***

imscrúduithe coiriúla, mar shampla chun fianaise ar mhí-úsáid a bhailiú, ba cheart iad sin a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun teorainn a chur leis an ath-thrámú. Níor cheart go gcuirfeadh an oibleagáid sin cosc ar scrúduithe leighis eile atá riachtanach ar mhaithe le leas an linbh. Ba cheart rochtain éasca a bheith ag íospartaigh linbh ar cheartas lena dtacaítear le leanaí, ar leigheasanna dlí agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachta leasa i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh den teaghlach. I gcás inar cheart ionadaí speisialta a cheapadh do leanbh le linn imscrúdú coiriúil nó le linn imeacht coiriúil, d'fhéadfadh duine dlítheanach, institiúid nó údarás an ról sin a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ba cheart íospartaigh linbh a chosaint ó phionóis, mar shampla faoi reachtaíocht náisiúnta maidir le striapachas, má dhéanann siad aird na n-údarás inniúil a tharraingt ar a gcás. Ina theannta sin, níor cheart, a mhéid is féidir, tráma breise a chruthú d'íospartaigh linbh mar thoradh ar a rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla, mar thoradh ar agallaimh ná ar theagmháil amhairc le ciontóirí. Ba cheart oiliúint a chur ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas lena dtacaítear le leanaí. Le tuiscint mhaith ar leanaí agus ar a n-iompar nuair a bhíonn eispéiris thrámacha os a gcomhair, cuideofar lena áirithiú go mbaileofar fianaise ar ardchaighdeán agus go laghdófar an strus a chuirfear ar leanaí agus na bearta is gá á ndéanamh. ***éifeachtach agus tacaíocht dhlíthiúil a chur ar fáil d'íospartaigh ar leanaí iad***, cé nach gceanglaítear léi i ndáiríre ar na Ballstáit samhail Barnahus ***a chur chun feidhme***. I gcás inar gá scrúduithe leighis a dhéanamh ar an leanbh chun críocha na n-imscrúduithe coiriúla, mar shampla chun fianaise ar mhí-úsáid a bhailiú, ba cheart iad sin a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun teorainn a chur leis an ath-thrámú. Níor cheart go gcuirfeadh an oibleagáid sin cosc ar scrúduithe leighis eile atá riachtanach ar mhaithe le leas an linbh. Ba cheart rochtain éasca a bheith ag íospartaigh linbh ar cheartas lena dtacaítear le leanaí, ar leigheasanna dlí agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachta leasa i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh den teaghlach. I gcás inar cheart ionadaí speisialta a cheapadh do leanbh le linn imscrúdú coiriúil nó le linn imeacht coiriúil, d'fhéadfadh duine dlítheanach, institiúid nó údarás an ról sin a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ba cheart íospartaigh linbh a chosaint ó phionóis, mar shampla faoi reachtaíocht náisiúnta maidir le striapachas, má dhéanann siad aird na n-údarás inniúil a tharraingt ar a gcás. Ina theannta sin, níor cheart, a mhéid is féidir, tráma breise a chruthú d'íospartaigh linbh mar thoradh ar a rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla, mar thoradh ar agallaimh ná ar theagmháil amhairc le ciontóirí. Ba cheart oiliúint a chur ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas lena

I gcás ina nglacann íospartaigh linbh páirt in imeachtaí coiriúla, ba cheart don chúirt a n-aois agus a n-aibíocht a chur san áireamh go hiomlán i seoladh na n-imeachtaí agus ba cheart di a áirithiú go bhfuil na himeachtaí inrochtana agus sothuigthe don leanbh.

dtacaítear le leanaí. Le tuiscint mhaith ar leanaí agus ar a n-iompar nuair a bhíonn eispéiris thrámacha os a gcomhair, cuideofar lena áirithiú go mbaileofar fianaise ar ardchaighdeán agus go laghdófar an strus a chuirfear ar leanaí agus na bearta is gá á ndéanamh. I gcás ina nglacann íospartaigh ar leanaí iad ***nó finnéithe ar leanaí iad*** páirt in imeachtaí coiriúla, ba cheart don chúirt a n-aois agus a n-aibíocht a chur i gcuntas go hiomlán i seoladh na n-imeachtaí agus ba cheart di a áirithiú go bhfuil na himeachtaí inrochtana agus sothuigthe don leanbh. ***Ba cheart tosaíocht a thabhairt do cheart an linbh éisteacht a fháil agus páirt fhóinteach a ghlacadh, lena n-áiritheofar go n-éistfear le tuairimí an linbh agus go n-urramófar iad le linn an phróisis.***

Leasú 24
Togra le haghaidh treorach
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(36a)Tá sé ríthábhachtach go mbunóidh na Ballstáit struchtúir ildisciplíneacha chun saineolas ó fhorfheidhmiú an dlí, ó ghníomhaireachtaí cosanta leanaí, ó ghairmithe cúraim sláinte, ó oideoirí agus ó speisialtóirí meabhairshláinte a chomhtháthú. Ba cheart na struchtúir sin a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar chastacht an dúshaothraithe ar líne agus ba cheart freagairtí tapa

comhordaithe a chuimsiú iontu chun ciontóirí a shainaithint, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus dea-bhail na n-íospartach á cosaint. Ba cheart tacú leis na struchtúir sin, ar cheart iad a bheith bunaithe ar shamhail Barnahus, trí oiliúint fhairsing, oideachas fairsing agus forbairt ghairmiúil fhairsing na foirne agus ba cheart go n-éascófaí leo ionaid tacaíochta fisiciúla a bhunú. Leis na struchtúir sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas na n-íospartach cóireáil a fháil agus páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla atá ar fáil in aon áit amháin gan an baol ann go ndéanfar ath-thrámú arís agus arís eile. Is iad na struchtúir sin an cur chuige is éifeachtúla chun tacú le híospartaigh mí-úsáide leanaí mar gheall ar a gcineál, atá iomlánaíoch, ildisciplíneach agus dírithe ar an leanbh. Tá sé ríthábhachtach caighdeáin shamhail Barnahus a chur chun cinn chun dea-bhail agus cearta íospartach ar leanaí iad a áirithiú. Chun tuairisciú níos fearr a áirithiú, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun sásraí tuairiscithe a éagsúlú, agus léirithe éagsúla agus athraitheacha na gcoireanna agus riachtanais agus leochaileachtaí sonracha an linbh á gcur i gcuntas.

Leasú 25
Togra le haghaidh treorach
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(37) Ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt d'íospartaigh linbh. Is suntasach an díobháil a dhéantar de dheasca mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi a luaithe is féidir tar éis chéad teagmháil an íospartaigh leis na húdaráis. Tá sé ríthábhachtach cúnamh láithreach a thabhairt d'íospartaigh roimh imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla agus lena linn chun teorainn a chur leis an tráma fadtéarmach a bhaineann leis an mí-úsáid a fulaingíodh. Chun soláthar mear cúnaimh a éascú, lena n-áirítear na seirbhísí tacaíochta ábhartha a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte agus prótacail a eisiúint do ghairmithe cúraim sláinte, oideachais agus seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear foireann na línte cabhrach . De dheasca chineál an dochair a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, ba cheart leanúint leis an gcúnamh sin a thabhairt chomh fada agus is gá le haghaidh théarnamh fisiciúil agus síceolaíoch an linbh agus féadfar leanúint leis más gá go dtí go mbeidh an leanbh ina dhuine fásta. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chúnamh agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí , cúramóirí nó caomhnóirí na n-íospartach linbh i gcás nach bhfuil baint acu mar dhaoine atá faoi dhrochamhras maidir leis an gcion lena

Leasú

(37) Ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt d'íospartaigh linbh ***agus do mharthanóirí gan beann ar ghearán foirmiúil a bheith déanta acu***. ***Ba cheart marthanóirí a thuiscint mar dhaoine a d'fhulaing foréigean gnéasach mar leanaí, gan beann ar a stádas dlíthiúil agus ar a n-aitheantas mar íospartach coireachta ag córas dlí***. Is suntasach an díobháil a dhéantar de dheasca mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi a luaithe is féidir tar éis chéad teagmháil an íospartaigh leis na húdaráis. Tá sé ríthábhachtach cúnamh láithreach a thabhairt d'íospartaigh roimh imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla agus lena linn chun teorainn a chur leis an tráma fadtéarmach a bhaineann leis an mí-úsáid a fulaingíodh. Chun soláthar mear cúnaimh a éascú, lena n-áirítear na seirbhísí tacaíochta ábhartha a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte agus prótacail a eisiúint do ghairmithe cúraim sláinte, oideachais agus seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear foireann na línte cabhrach . De dheasca chineál an dochair a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, ba cheart leanúint leis an gcúnamh sin a thabhairt chomh fada agus is gá le haghaidh théarnamh fisiciúil agus síceolaíoch an linbh agus féadfar

mbaineann, chun cuidiú leo cúnamh a thabhairt do na híospartaigh linbh i gcaitheamh na n-imeachtaí.

leanúint leis más gá go dtí go mbeidh an leanbh ina dhuine fásta. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chúnamh agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí , cúramóirí nó caomhnóirí na n-íospartach linbh i gcás nach bhfuil baint acu mar dhaoine atá faoi dhrochamhras maidir leis an gcion lena mbaineann, chun cuidiú leo cúnamh a thabhairt do na híospartaigh linbh i gcaitheamh na n-imeachtaí.

Leasú 26
Togra le haghaidh treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Le Treoir 2012/29/AE déantar tacar de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus an ceart cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir . Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, déantar foráil maidir le leasuithe spriocdhírithe ar chearta na n-íospartach uile. I dteannta na gceart a bhunaítear faoin Treoir sin, ba cheart rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh, a thabhairt d'íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí. D'fhéadfadh na húdaráis inniúla an chomhairleoireacht dhlíthiúil	(39) Le Treoir 2012/29/AE déantar tacar de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus an ceart cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir ***agus ó aon eagraíocht faoi dhliteanas maidir mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír ar leanaí***. Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, déantar foráil maidir le leasuithe spriocdhírithe ar chearta na n-íospartach uile. I dteannta na gceart a bhunaítear faoin Treoir sin, ba cheart rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh, a thabhairt d'íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí

sin agus an ionadaíocht dhlíthiúil sin a sholáthar chun cúiteamh a éileamh ón Stát. Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar chumas na n-íospartach a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ar fáil dóibh agus comhairle a fháil maidir leis na féidearthachtaí sin. Ba cheart do dhuine a bhfuil oiliúint dhlíthiúil iomchuí faighte aige an chomhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar, ach ní gá go mbeadh sé ina dhlíodóir. Ba cheart comhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar saor in aisce, ar a laghad nuair nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an íospartach, ar bhealach atá i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na mBallstát.

sin agus an ionadaíocht dhlíthiúil sin a sholáthar chun cúiteamh a éileamh ón Stát. Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar chumas na n-íospartach a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ar fáil dóibh agus comhairle a fháil maidir leis na féidearthachtaí sin. Ba cheart do dhuine a bhfuil oiliúint dhlíthiúil iomchuí faighte aige an chomhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar, ach ní gá go mbeadh sé ina dhlíodóir. Ba cheart comhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar saor in aisce, ar a laghad nuair nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an íospartach, ar bhealach atá i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na mBallstát. ***Níor cheart ceart na n-íospartach chun cúitimh a bheith faoi réir tréimhse teorann.***

Leasú 27
Togra le haghaidh treorach
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh ***chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac*** (‘Lárionad an Aontais’), a bunaíodh le Rialachán […/…/AE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac][16] , tacú le hiarrachtaí agus oibleagáidí coisctheacha na	(40) Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh ***um Chosaint Leanaí*** (‘Lárionad an Aontais’), a bunaíodh le Rialachán […/…/AE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac][16] , tacú le hiarrachtaí agus oibleagáidí coisctheacha na mBallstát agus lena n-iarrachtaí agus a n-

mBallstát agus lena n-iarrachtaí agus a n-oibleagáidí maidir le cúnamh d'íospartaigh faoin Treoir seo. Ba cheart dó malartú dea-chleachtas san Aontas agus lasmuigh de a éascú. Ba cheart do Lárionad an Aontais idirphlé a spreagadh idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun cabhrú le cláir choisc úrscothacha a fhorbairt. Thairis sin, trí chomhoibriú leis na Ballstáit agus trí rannchuidiú le caighdeánú a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar fud an Aontais, ba cheart Lárionad an Aontais a bheith ina acmhainn chun tacú le beartas fianaisebhunaithe maidir le cosc agus maidir le cúnamh d'íospartaigh. Ba cheart do na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha a bhunú de réir mar a mheasann siad is iomchuí de réir a n-eagrúcháin inmheánaigh, agus an gá atá le struchtúr íosta le cúraimí sainaitheanta á chur san áireamh, lena mbeifear in ann measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí i mí-úsáid ghnéasach leanaí, staitisticí a bhailiú, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar threochtaí, staitisticí agus torthaí den sórt sin. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta sin feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta agus ba cheart dóibh cur chuige comhtháiteach ilpháirtithe leasmhara a ghlacadh ina gcuid oibre. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na sásraí is gá a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beart oibleagáidí maidir le cúnamh d'íospartaigh faoin Treoir seo. ***Tá sé ríthábhachtach na rialacha sin a leagan síos agus Lárionad an Aontais a bhunú gan moill mhíchuí chun cuíchóiriú agus feabhsú a dhéanamh ar an iliomad iarrachtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar fud an Aontais***.

Ba cheart dó malartú dea-chleachtas san Aontas agus lasmuigh de a éascú. Ba cheart do Lárionad an Aontais idirphlé a spreagadh idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun cabhrú le cláir choisc úrscothacha a fhorbairt. Thairis sin, trí chomhoibriú leis na Ballstáit agus trí rannchuidiú le caighdeánú a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar fud an Aontais, ba cheart Lárionad an Aontais a bheith ina acmhainn chun tacú le beartas fianaisebhunaithe maidir le cosc agus maidir le cúnamh d'íospartaigh. Ba cheart do na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha a bhunú de réir mar a mheasann siad is iomchuí de réir a n-eagrúcháin inmheánaigh, agus an gá atá le struchtúr íosta le cúraimí sainaitheanta á chur san áireamh, lena mbeifear in ann measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí i mí-úsáid ghnéasach leanaí, staitisticí a bhailiú, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar threochtaí, staitisticí agus torthaí den sórt sin. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta sin feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta agus ba cheart dóibh cur chuige

chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne araon, i measc na ngníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha uile, chomh maith le comhar le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún a éascú.

comhtháiteach ilpháirtithe leasmhara a ghlacadh ina gcuid oibre. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na sásraí is gá a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beart chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne araon, i measc na ngníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha uile, chomh maith le comhar le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún a éascú. ***Ós rud é go mbunaítear Lárionad an Aontais le Rialachán [../../AE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac], ba cheart feidhm a bheith ag forálacha uile na Treorach seo ina dtagraítear di ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin.***

---

[16] COM(2022) 209, 11.5.2022.

---

[16] COM(2022) 209, 11.5.2022.

Leasú 28
Togra le haghaidh treorach
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(42) Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun gníomhartha a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chur chun cinn agus mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***agus*** sa turasóireacht a chosc nó a thoirmeasc. D'fhéadfaí bearta coisctheacha éagsúla a bhreithniú, amhail cód iompair

Leasú

(42) Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun gníomhartha a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chur chun cinn agus mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***nó*** sa turasóireacht a chosc nó a thoirmeasc. D'fhéadfaí bearta coisctheacha éagsúla a bhreithniú, amhail cód iompair

agus sásraí féinrialála i dtionscal na turasóireachta a tharraingt suas agus a atreisiú, cód eitice nó ‘lipéid cháilíochta’ nó beartas follasach a chur ar bun le haghaidh eagraíochtaí turasóireachta a bhfuil mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***agus*** sa turasóireacht á gcomhrac acu. Ba cheart do na Ballstáit na huirlisí atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a ghiaráil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***agus*** sa turasóireacht trína gcríoch nó i dtreo a gcríche a chosc, go háirithe trí ghníomhaíocht iomchuí a dhéanamh tar éis dóibh faisnéis ábhartha a fháil ó thríú tíortha, lena n-áirítear seiceálacha breise a dhéanamh nó diúltú cead isteach a eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann[17] .

[17] Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 IO L 312, 7.12.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1861/oj.

agus sásraí féinrialála i dtionscal na turasóireachta a tharraingt suas agus a atreisiú, cód eitice nó ‘lipéid cháilíochta’ nó beartas follasach a chur ar bun le haghaidh eagraíochtaí turasóireachta a bhfuil mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***nó*** sa turasóireacht á gcomhrac acu. Ba cheart do na Ballstáit na huirlisí atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a ghiaráil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal ***nó*** sa turasóireacht trína gcríoch nó i dtreo a gcríche a chosc, go háirithe trí ghníomhaíocht iomchuí a dhéanamh tar éis dóibh faisnéis ábhartha a fháil ó thríú tíortha, lena n-áirítear seiceálacha breise a dhéanamh nó diúltú cead isteach a eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann[17] .

[17] Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 IO L 312, 7.12.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1861/oj.

Leasú 29
Togra le haghaidh treorach
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Ba cheart do na Ballstáit beartais a bhunú nó a neartú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, agus bearta a dhéanamh chun laghdú ar dhéanamh ar an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh, trí leas a bhaint as feachtais feasachta, lena n-áirítear do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus don tsochaí i gcoitinne, agus as cláir thaighde agus oideachais. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart do na Ballstáit cur chuige bunaithe ar chearta an linbh a ghlacadh. Ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh na feachtais feasachta atá dírithe ar leanaí iomchuí agus sách sothuigthe , agus saincheaptha do riachtanais shonracha leanaí ó aoisghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí réamhscoile. I mbearta coisctheacha ba cheart cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, trí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis ar líne agus as líne agus trí na páirtithe leasmhara ábhartha uile a shlógadh. Go háirithe i gcás na gné ar líne, ba cheart a áireamh ar na bearta forbairt scileanna litearthachta digití, lena n-áirítear	(43) Ba cheart do na Ballstáit beartais a bhunú nó a neartú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, agus bearta a dhéanamh chun laghdú ar dhéanamh ar an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh, trí leas a bhaint as feachtais feasachta, lena n-áirítear do thuismitheoirí, ***saorálaithe, cúramóirí, múinteoirí, oideoirí, gairmithe cosanta leanaí, gairmithe cúraim shóisialta agus altrama, traenálaithe, cóitseálaithe, gairmithe dlí, breithiúnaí cúirte teaghlaigh, póilíní túslíne, gairmithe cúraim sláinte, ceannairí pobail reiligiúnacha*** agus don tsochaí i gcoitinne, agus as cláir thaighde agus oideachais ***lena n-áirítear gnéasoideachas***. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart do na Ballstáit cur chuige bunaithe ar chearta an linbh a ghlacadh. Ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh na feachtais feasachta atá dírithe ar leanaí iomchuí agus sách sothuigthe, agus saincheaptha do riachtanais shonracha leanaí ó aoisghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí réamhscoile ***chomh maith le leanaí atá an-leochaileach, lena n-áirítear leanaí faoi***

rannpháirtíocht chriticiúil sa saol digiteach, chun cabhrú le húsáideoirí iarrachtaí ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, tacaíocht a lorg agus an mhí-úsáid a chosc. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a dtugtar aire dóibh i saoráid ghrúpa seachas i gcomhthéacs cúraim theaghlachbhunaithe . I gcás nach bhfuil a leithéid i bhfeidhm cheana féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar línte cabhracha nó beolínte tiomnaithe a bhunú.

mhíchumas meabhrach, intleachtúil, céadfach nó fisiciúil, leanaí i gcomhthéacs imirce, idir neamhthionlactha nó thionlactha, nó leanaí nach gcomhlíonann gnáthnoirm a bhaineann le gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne nó saintréithe gnéis. I mbearta coisctheacha ba cheart cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, trí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis ar líne agus as líne agus trí na páirtithe leasmhara ábhartha uile a shlógadh. Go háirithe i gcás na gné ar líne, ba cheart a áireamh ar na bearta forbairt scileanna litearthachta digití, lena n-áirítear rannpháirtíocht chriticiúil sa saol digiteach, chun cabhrú le húsáideoirí iarrachtaí ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, tacaíocht a lorg agus an mhí-úsáid a chosc. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a dtugtar aire dóibh i saoráid ghrúpa seachas i gcomhthéacs cúraim theaghlachbhunaithe . I gcás nach bhfuil a leithéid i bhfeidhm cheana féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar línte cabhracha nó beolínte tiomnaithe a bhunú. ***Ba cheart do leanaí a bheith in ann faisnéis agus comhairle a fháil maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8b trí na bealaí sin.***

Leasú 30
Togra le haghaidh treorach
Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a)Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí imscrúdú gan moill mhíchuí ar iarrachtaí chun leanaí a lorg chun críoch gnéasach agus go ndéanfar íospartaigh na n-iarrachtaí sirtheoireachta sin ar leanaí iad a tharchur go héifeachtach chuig na seirbhísí tacaíochta ábhartha le haghaidh cúnaimh agus cosanta.

Leasú 31
Togra le haghaidh treorach
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, amhail comhaltaí líonra na mbeolínte INHOPE, tá siad gníomhach le blianta i roinnt Ballstát, agus iad ag comhoibriú le lucht forfheidhmithe dlí agus le soláthraithe chun an próiseas a bhaineann le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint agus a thuairisciú a éascú. Leis an obair sin, téitear i ngleic le hathíospairt trí scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne a theorannú, agus is féidir fianaise a sholáthar do lucht	***scriosta***

forfheidhmithe dlí maidir le coireanna a rinneadh. Mar sin féin, tá difríocht mhór idir an creat dlíthiúil ina n-oibríonn siad ó Bhallstát go chéile agus, in go leor cásanna, tá easpa ann maidir leis na cúraimí is féidir leis na heagraíochtaí sin a dhéanamh go dleathach a shainaithint, chomh maith leis na coinníollacha ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann údarú a thabhairt do na heagraíochtaí sin na cúraimí ábhartha a dhéanamh, agus go háirithe ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a phróiseáil, agus sa chás sin níor cheart a mheas gur 'gan cheart' atá an phróiseáil. Spreagtar údaruithe den sórt sin de réir mar a mhéadaíonn siad an deimhneacht dhlíthiúil, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir údaráis náisiúnta agus gníomhaithe eile atá rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus chun tacú le cearta na n-íospartach trí ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint den timpeallacht dhigiteach phoiblí.

Leasú 32
Togra le haghaidh treorach
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) I gcás inarb iomchuí, mar gheall ar an mbaol a bhaineann leis na ciontóirí agus leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaidís na cionta arís, ba	(50) I gcás inarb iomchuí, mar gheall ar an mbaol a bhaineann leis na ciontóirí agus leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaidís na cionta arís, ba

cheart ciontóirí atá ciontaithe a chosc go sealadach nó go buan ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí nó laistigh d’eagraíochtaí a oibríonn ar son leanaí nó d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáide gnéasaí leanaí . Maidir le fostóirí a bhfuil daoine á n-earcú acu le haghaidh post lena mbainfidh teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ba cheart do na fostóirí sin eolas a iarraidh faoi chiontuithe i gcionta gnéasacha in aghaidh leanaí atá iontráilte sa taifead coiriúil, nó faoi aon dícháiliúchán atá ann. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart freisin go gcumhdódh an téarma ‘fostóirí’ daoine a bhfuil eagraíocht á reáchtáil acu agus atá gníomhach in obair dheonach a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar leanaí nó le cúram leanaí lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí , lena n-áirítear i dtimpeallachtaí pobail amhail scoileanna, ospidéil, seirbhísí cúraim shóisialta, clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha . Maidir leis an mbealach a ndéantar an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail rochtain tríd an duine lena mbaineann mar shampla, agus ábhar beacht na faisnéise, an bhrí atá leis na gníomhaireachtaí deonacha eagraithe agus an teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ba cheart iad sin a leagan síos de réir an dlí náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart na taifid ábhartha uile atá stóráilte ag aon Bhallstát ina gcláir náisiúnta um thaifid choiriúla, agus na taifid ábhartha uile is féidir a fháil go héasca ó thríú tíortha, amhail faisnéis is

cheart ciontóirí atá ciontaithe a chosc go sealadach nó go buan ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla ***agus deonacha*** a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí nó laistigh d’eagraíochtaí a oibríonn ar son leanaí nó d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáide gnéasaí leanaí . Maidir le fostóirí a bhfuil daoine á n-earcú acu le haghaidh post lena mbainfidh teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ba cheart do na fostóirí sin eolas a iarraidh faoi chiontuithe i gcionta gnéasacha in aghaidh leanaí atá iontráilte sa taifead coiriúil, nó faoi aon dícháiliúchán atá ann. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart freisin go gcumhdódh an téarma ‘fostóirí’ daoine a bhfuil eagraíocht á reáchtáil acu agus atá gníomhach in obair dheonach a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar leanaí nó le cúram leanaí lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí , lena n-áirítear i dtimpeallachtaí pobail amhail scoileanna, ospidéil, seirbhísí cúraim shóisialta, clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha . Maidir leis an mbealach a ndéantar an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail rochtain tríd an duine lena mbaineann mar shampla, agus ábhar beacht na faisnéise, an bhrí atá leis na gníomhaireachtaí deonacha eagraithe agus an teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ba cheart iad sin a leagan síos de réir an dlí náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart na taifid ábhartha uile atá stóráilte ag aon Bhallstát ina gcláir náisiúnta um thaifid choiriúla, agus na taifid ábhartha uile is féidir a fháil go héasca ó

féidir a fháil ón Ríocht Aontaithe tríd an gcainéal arna bhunú i gcomhréir le Teideal IX de Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ba cheart na taifid sin a bheith san fhaisnéis a tharchuirtear ó údarás inniúil amháin chuig údarás inniúil eile[19] .

féidir a fháil ón Ríocht Aontaithe tríd an gcainéal arna bhunú i gcomhréir le Teideal IX de Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ba cheart na taifid sin a bheith san fhaisnéis a tharchuirtear ó údarás inniúil amháin chuig údarás inniúil eile[19] .

_____

[19] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/ojhttp://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

_____

[19] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/ojhttp://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

Leasú 33
Togra le haghaidh treorach
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Maidir le faisnéis nach bhfuil ar fáil in ECRIS nó nach bhfuil ar fáil ann go fóill, mar shampla faisnéis a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a dhéanann cionta go dtí go gcuirfear Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] chun feidhme ina iomláine, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as bealaí eile chun an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar d'fhostóirí a earcaíonn le haghaidh poist lena mbaineann teagmháil dhíreach rialta le leanaí. Níl sé d'aidhm ag an Treoir seo comhchuibhiú a	(52) Maidir le faisnéis nach bhfuil ar fáil ***sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)*** nó nach bhfuil ar fáil ann go fóill, mar shampla faisnéis a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a dhéanann cionta go dtí go gcuirfear Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] chun feidhme ina iomláine, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as bealaí eile chun an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar d'fhostóirí a earcaíonn le haghaidh poist lena mbaineann teagmháil dhíreach rialta le

dhéanamh ar rialacha a bhaineann le toiliú an duine lena mbaineann agus faisnéis ó na cláir choiriúla á malartú, i.e. an toiliú sin a cheangal nó gan é a cheangal. Cibé acu an gceanglaítear an toiliú nó nach gceanglaítear é faoin dlí náisiúnta, ní bhunaítear aon oibleagáid nua leis an Treoir seo chun an dlí náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a athrú i ndáil leis sin.

dhéanamh ar rialacha a bhaineann le toiliú an duine lena mbaineann agus faisnéis ó na cláir choiriúla á malartú, i.e. an toiliú sin a cheangal nó gan é a cheangal. Cibé acu an gceanglaítear an toiliú nó nach gceanglaítear é faoin dlí náisiúnta, ní bhunaítear aon oibleagáid nua leis an Treoir seo chun an dlí náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a athrú i ndáil leis sin.

---

[20] Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/816/oj.

[20] Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/816/oj.

Leasú 34
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus maidir le smachtbhannaí i réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus na

Leasú

Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus maidir le smachtbhannaí i réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus na

sirtheoireachta leanaí chun críoch gnéasach. Tugtar isteach léi freisin forálacha chun an cosc ar na cionta coiriúla sin a neartú agus chun íospartaigh na gcionta coiriúla sin a chosaint.	sirtheoireachta leanaí chun críoch gnéasach***, lena n-áirítear má dhéantar iad trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide***. Tugtar isteach léi freisin forálacha chun an cosc ar na cionta coiriúla sin a neartú agus chun íospartaigh na gcionta coiriúla sin a chosaint.

Leasú 35
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) ciallaíonn 'toiliú' aon léiriú ar chomhaontú maidir le gníomhaíocht ghnéasach arna tabhairt go deonach agus go soiléir, agus ar bhealach feasach agus gan débhrí, ag leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis, de thoradh shaorthoil an linbh sin, arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca lena mbaineann;

Leasú 36
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) aon ábhar ina léirítear leanbh agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe;	(a) aon ábhar ina léirítear leanbh agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe;

Leasú 37
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) léiriú de ghnéasorgáin linbh go príomha chun críoch gnéasach;	(b) léiriú***, cibé slí ar bith, ar bhaill dhlúthphearsanta*** linbh go príomha chun críoch gnéasach;

Leasú 38
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) aon ábhar a léiríonn íomhá d'aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í agus atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe, nó aon íomhá de ***ghnéasorgáin*** aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í a léirítear go príomha chun críoch gnéasach;	(c) Aon ábhar a léiríonn íomhá d'aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í agus atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe, nó aon íomhá de ***bhaill dhlúthphearsanta*** aon duine ar cosúil gur leanbh é nó í a léirítear go príomha chun críoch gnéasach;

Leasú 39
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) íomhánna , macasamhlacha nó léirithe réalaíocha de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó de ***ghnéasorgáin*** linbh, go príomha chun críoch gnéasach;	(d) ***aon*** íomhánna ***réalaíocha***, bréag-ghrianghraif, macasamhlacha nó léirithe de leanbh atá ag gabháil d'iompar gáirsiúil nó de ***bhaill dhlúthphearsanta*** linbh, chun críoch gnéasach go príomha***, gan beann ar an modh cruthaithe nó ionramhála, lena n-áirítear trí intleacht shaorga, teicneolaíochtaí domhainbhrionnúcháin, nó suíomhanna réaltachta breisithe, sínte nó fíorúla a úsáid***;

Leasú 40
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) aon ábhar, gan beann ar a fhoirm, a bhfuil sé beartaithe leis comhairle, treoraíocht nó treoracha a sholáthar maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach nó sirtheoireacht leanaí a dhéanamh;	(e) aon ábhar, gan beann ar a fhoirm, a bhfuil sé beartaithe leis comhairle, treoraíocht nó treoracha a sholáthar maidir le ***conas aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8b a dhéanamh, lena n-áirítear aon treoir le haghaidh córais intleachta saorga***;

Leasú 41
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ciallaíonn ‘ teacht i dtír ar leanaí sa striapachas’ leanbh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha i gcás ina ndéantar airgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a thabhairt nó a ghealladh mar mhalairt ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha, gan beann ar cé acu don leanbh nó do thríú páirtí a thugtar an íocaíocht, an gealltanas nó an chomaoin sin;	(4) ciallaíonn ‘teacht i dtír ar leanaí sa striapachas’ leanbh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha i gcás ina ndéantar airgead nó aon chineál eile luacha saothair***, gnóthachain, buntáiste, tairbhe*** nó comaoine a thabhairt nó a ghealladh mar mhalairt ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha, gan beann ar cé acu don leanbh nó do thríú páirtí a thugtar an íocaíocht, an gealltanas***, an gnóthachan, an buntáiste, an tairbhe*** nó an chomaoin sin;

Leasú 42
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn 'taispeántas mí-úsáide gnéasaí leanaí ' taispeántas beo a dhírítear ar lucht féachana, lena n-áirítear trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, de:	(5) ciallaíonn 'taibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí' taispeántas beo a dhírítear ar lucht féachana ***ina bhfuil duine amháin nó níos mó i gceist***, lena n-áirítear trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, de:

Leasú 43
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe; nó	(a) leanbh atá rannpháirteach ***i ngníomhartha gnéasacha nó*** in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe; nó

Leasú 44
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***gnéasorgáin*** linbh a léirítear go príomha chun críoch gnéasach;	(b) ***baill dhlúthphearsanta*** linbh a léirítear go príomha chun críoch gnéasach;

Leasú 45
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ciallaíonn 'piaraí' daoine atá gar dá chéile ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla de, nó ó thaobh	(8) ciallaíonn 'piaraí' daoine atá gar dá chéile ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla de, ***agus*** ó thaobh

aoise agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla de.	leibhéal aibíochta de.

Leasú 46
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach	Cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach ***leanaí***

Leasú 47
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 inphionóis.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar ***d'aon ghnó*** dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 inphionóis.

Leasú 48
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige a bheith mar fhinné ar ghníomhaíochtaí gnéasacha, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach iontu, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.	2. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige***, nó leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach bhfuil toiliú tugtha aige a bheith mar fhinné ar ghníomhaíochtaí gnéasacha, lena n-áirítear leanbh a nochtadh d'ábhar pornagrafach,*** chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach iontu,

beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.

Leasú 186
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh sé inphionóis le huastéarma príosúnachta 1 bhliain ar a laghad inneachar pornagrafach a scaipeadh ar líne gan uirlisí láidre éifeachtacha fíoraithe aoise a chur i bhfeidhm chun cosc éifeachtach a chur ar leanaí rochtain a fháil ar ábhar pornagrafach ar líne.

Leasú 49
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige a bheith mar fhinné ar mhí-úsáid ghnéasach, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach inti, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	3. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige***, nó leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach bhfuil toiliú tugtha aige***, a bheith mar fhinné ar mhí-úsáid ghnéasach, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach inti, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

Leasú 50
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nó é a chur faoi deara don leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le duine eile , beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.	4. A bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nó ina ndéantar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le duine eile ***nó leis féin***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***10 mbliana*** ar a laghad. ***Na cineálacha iompair dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh siad sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad i gcás ina bhfuil an leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach bhfuil toiliú tugtha aige.***

Leasú 51
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) má bhaintear mí-úsáid as seasamh aitheanta iontaoibhe, as údarás nó as an tionchar ar leanbh atá ag duine, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***10 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 6 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***; nó	(a) má bhaintear mí-úsáid as seasamh aitheanta iontaoibhe, as údarás nó as an tionchar ar leanbh atá ag duine, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad; nó

Leasú 52
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) má bhaintear mí-úsáid as staid an-leochaileach an linbh, go háirithe mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó fisiciúil nó mar gheall ar staid spleáchais, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***10 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 6 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***; nó	(b) má bhaintear mí-úsáid as staid an-leochaileach an linbh, go háirithe mar gheall ar mhíchumas meabhrach***, intleachtúil, céadfach*** nó fisiciúil nó mar gheall ar staid spleáchais, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad; nó

Leasú 53
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) má bhaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 7 mbliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	(c) má bhaintear úsáid as comhéigean, forneart, ***foréigean fisiciúil nó síceolaíoch, dúmhál nó bagairtí eile***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***14 bliana*** ar a laghad***;***

Leasú 54
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Má chuirtear iallach le comhéigean, forneart nó bagairt ar leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le tríú páirtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 7 mbliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	6. Má chuirtear iallach le comhéigean, forneart nó bagairt ar leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le tríú páirtí ***nó leis féin***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***14*** bliana ar a laghad.

Leasú 55
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 7 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Beidh an t-iompar d'aon ghnó seo a leanas inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad:	7. Beidh an t-iompar d'aon ghnó seo a leanas inphionóis le huastéarma príosúnachta ***16 bliana*** ar a laghad:

Leasú 56
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 7 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) má chuirtear faoi deara do leanbh atá faoin aois toilithe gnéis dul i mbun aon ghníomh treá faighne, anasaigh nó béil de chineál gnéasach, le haon bhall den chorp nó le haon réad.

Leasú 57
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. I gcás ina mbeidh an leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach dtoileoidh sé leis an ngníomh, beidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 7 inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad.	8. Beidh ***na cineálacha iompair*** dá dtagraítear i mír 7 inphionóis le huastéarma príosúnachta ***16 bliana*** ar a laghad ***i gcás ina bhfuil an leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach bhfuil toiliú tugtha aige.***

Leasú 58
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 9 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Chun críoch ***mhír*** 8, áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas:	9. Chun críoch mhíreanna 2, 3, 4 agus 8, áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas:

Leasú 59
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 9 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tuigtear gur gníomh neamhthoiliúil é gníomh a dhéantar gan toiliú an linbh á thabhairt dá dheoin féin***, de thoradh saorthoil an linbh arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca,*** nó i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a thabhairt mar gheall ar imthosca dá dtagraítear i mír 5, nó mar gheall ar imthosca eile, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail riocht	(a) tuigtear gur gníomh neamhthoiliúil é gníomh a dhéantar gan toiliú an linbh, nó i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a thabhairt mar gheall ar imthosca dá dtagraítear i mír 5, nó mar gheall ar imthosca eile, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail riocht neamh-chomhfhiosachta, ***codlata,*** meisce, ***iontais,*** reo, tinnis nó díobhála coirp;

neamh-chomhfhiosachta, meisce, reo, tinnis nó díobhála coirp;

Leasú 60
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 9 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú ***go heisiach*** mar gheall ar an leanbh a bheith ina thost, toisc nár chuir sé in aghaidh an ghnímh go briathartha nó go fisiciúil, nó mar gheall ar a iompar gnéasach san am a chuaigh thart.	(c) ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú le tost an linbh, le neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó le hiompar gnéasach a bhí ann cheana ***nó atá ann faoi láthair nó leis an gcaidreamh a bhí nó atá aige le ciontóir***.

Leasú 61
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cionta a bhaineann le teacht i dtír gnéasach	Cionta a bhaineann le teacht i dtír gnéasach ***leanaí***

Leasú 62
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go ***7*** inphionóis.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go ***7a*** inphionóis.

Leasú 63
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má chuirtear faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***5 bliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	2. Má chuirtear faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***6 bliana*** ar a laghad.

Leasú 64
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***8 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	3. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dtaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***9 mbliana*** ar a laghad.

Leasú 65
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Má fhreastalaíonn duine go feasach ar thaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann rannpháirteachas linbh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***2 bhliain*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	4. Má fhreastalaíonn duine go feasach ar thaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann rannpháirteachas linbh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***3 bliana*** ar a laghad.

Leasú 66
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Má chuirtear faoi deara do leanbh páirt a ghlacadh i dteacht i dtír sa striapachas , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***8 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	5. Má chuirtear faoi deara do leanbh páirt a ghlacadh i dteacht i dtír sa striapachas , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 bhliain*** ar a laghad.

Leasú 67
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Má chuirtear iallach le	6. Má chuirtear iallach le

comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dteacht i dtír sa striapachas , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***10 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.

comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dteacht i dtír sa striapachas , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***14 bliana*** ar a laghad.

Leasú 68
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh, i gcás ina ndéantar teacht i dtír sa striapachas , beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***8 mbliana*** ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 4 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.

7. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh, i gcás ina ndéantar teacht i dtír sa striapachas , beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***12 mbliana*** ar a laghad.

Leasú 69
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 7a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7 a. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh ábhar a léiríonn baill dhlúthphearsanta an linbh sin a chomhroinnt gan toiliú an

	linbh sin chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.
Leasú 70 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 5 – mír 2**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a fháil nó a shealbhú, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.	2. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a fháil nó a shealbhú***, lena n-áirítear an t-ábhar dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (3)(d) a shealbhú, le haghaidh úsáid phríobháideach,*** beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***2 bhliain*** ar a laghad. ***Má dhéantar córais intleachta saorga a fháil nó a shealbhú, ar córais iad a dheartar nó a chuirtear in oiriúint go príomha chun gur féidir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chruthú,*** beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.
Leasú 71 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 5 – mír 3**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Má dhéantar rochtain a fháil go feasach ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, beidh sé sin inphionóis le huastéarma	3. Má dhéantar rochtain a fháil go feasach ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, beidh sé sin inphionóis le huastéarma

príosúnachta ***aon bhliain amháin*** ar a laghad.	príosúnachta ***2 bhliain*** ar a laghad.
Leasú 72 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 5 – mír 4**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	4. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***4 bliana*** ar a laghad. ***Má dhéantar córais intleachta saorga a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur, ar córais iad a dheartar nó a chuirtear in oiriúint go príomha chun gur féidir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chruthú,*** beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
Leasú 73 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 5 – mír 5**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***2 bhliain*** ar a laghad.	5. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***4 bliana*** ar a laghad.
Leasú 74 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 5 – mír 6**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a tháirgeadh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.	6. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a tháirgeadh***, lena n-áirítear táirgeadh an ábhair dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (3)(d), le haghaidh úsáid phríobháideach,*** beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad. ***Má déantar córais intleachta saorga a chruthú nó a oiriúnú, ar córais iad a dheartar nó a chuirtear in oiriúint go príomha chun gur féidir an cruthú a dhéanamh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.***

Leasú 75
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críoch mhír 1, ní mheasfar go ndearnadh na hiompair dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 gan cheart go háirithe i gcás ina ndearna eagraíocht atá bunaithe sa Bhallstát agus í ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó thar ceann nó faoi fhreagracht na heagraíochta sin, nuair a rinneadh na gníomhartha sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san údarú sin.	Chun críoch mhír 1, ní mheasfar go ndearnadh na hiompair dá dtagraítear i míreanna 2, 3 ***agus an tarchur dá dtagraítear i mír 4*** gan cheart go háirithe i gcás ina ndearna eagraíocht ***amhail beolíne*** atá bunaithe sa Bhallstát agus í ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó thar ceann nó faoi fhreagracht na heagraíochta sin, atá údaraithe ag údaráis inniúla an Bhallstáit sin nuair a rinneadh na gníomhartha sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san údarú sin.

Leasú 76
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar a áireamh sna coinníollacha sin an ceanglas maidir leis na heagraíochtaí a fhaigheann na húdaruithe sin go mbeidh an saineolas agus an neamhspleáchas is gá acu, go mbeidh sásraí iomchuí tuairiscithe agus formhaoirseachta acu chun a áirithiú go ngníomhóidh na heagraíochtaí go gasta, go dícheallach agus ar mhaithe le leas an phobail, agus go mbainfidh na heagraíochtaí úsáid as bealaí slána cumarsáide chun na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an údarú a dhéanamh.	***Áireofar*** sna coinníollacha sin an ceanglas maidir leis na heagraíochtaí a fhaigheann na húdaruithe sin go mbeidh an saineolas agus an neamhspleáchas is gá acu, go mbeidh sásraí iomchuí tuairiscithe agus formhaoirseachta acu chun a áirithiú go ngníomhóidh na heagraíochtaí go gasta, go dícheallach agus ar mhaithe le leas an phobail, agus go mbainfidh na heagraíochtaí úsáid as bealaí slána cumarsáide chun na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an údarú a dhéanamh.

Leasú 77
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go gceadófar leis na húdaruithe maidir le heagraíocht*** a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí dá dtagraítear i mír 7 ***cuid de*** na gníomhaíochtaí seo a leanas ***nó gach ceann acu***:	8. ***Soláthróidh*** na Ballstáit ***creat dlíthiúil do na heagraíochtaí*** a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí dá dtagraítear i mír 7 ***agus áiritheoidh siad go gceadófar leis na húdaruithe arna bhfáil ag na heagraíochtaí sin ó údaráis inniúla Ballstáit*** na gníomhaíochtaí ***uile*** seo a leanas:

Leasú 78
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta, a chuireann íospartaigh, úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile faoina mbráid agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, na tuairiscí sin a ghlacadh agus a anailísiú;	a. tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta, a chuireann íospartaigh, úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile faoina mbráid agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, na tuairiscí sin a ghlacadh agus a anailísiú;

Leasú 79
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. i gcás ina dtuairiscítear ábhar neamhdhleathach ar líne, fógra a thabhairt faoi go pras d'údarás forfheidhmithe dlí ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil an t-ábhar á óstáil;	b. i gcás ina dtuairiscítear ábhar neamhdhleathach ar líne, fógra a thabhairt faoi go pras d'údarás forfheidhmithe dlí ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil an t-ábhar á óstáil;

Leasú 80
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. dul i gcomhar le heagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí agus a bhfuil údarú acu tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a ghlacadh i gcomhréir le pointe (a)	c. dul i gcomhar le heagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí agus a bhfuil údarú acu tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a ghlacadh i gcomhréir le pointe (a)

sa Bhallstát nó sa tríú tír ina bhfuil an t-ábhar á óstáil	sa Bhallstát nó sa tríú tír ina bhfuil an t-ábhar á óstáil

Leasú 81
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. cuardaigh a dhéanamh ar ábhar a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar sheirbhísí óstála chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, agus an eagraíocht ag baint úsáid as tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta dá dtagraítear sa litir (a) nó arna iarraidh sin d'íospartach.	d. cuardaigh a dhéanamh ar ábhar a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar sheirbhísí óstála chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, agus an eagraíocht ag baint úsáid as tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta dá dtagraítear sa litir (a) nó arna iarraidh sin d'íospartach.

Leasú 82
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 8 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	d a. dul i gcomhar go díreach le soláthróirí seirbhísí sochaí faisnéise atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil na heagraíochtaí atá ag obair ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí bunaithe, i sásraí fógra agus gnímh, lena n-áirítear rochtain ar ábhar a bhaint nó a dhíchumasú agus i dtuairiscí faoi amhrais maidir le cionta coiriúla faoi Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le húdarú ón údarás inniúil náisiúnta forfheidhmithe dlí.

Leasú 83
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tairiscint a dhéanamh, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, bualadh le leanbh, ar líne nó go pearsanta, d'fhonn ceann ar bith de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5), (6) agus (7) agus in Airteagal 5(6) a dhéanamh, i gcás ina ndearnadh gníomhartha ábhartha i ndiaidh na tairisceana sin ***as*** a ***leanfaidh*** teacht le chéile den sórt sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad;	(a) tairiscint a dhéanamh, ***lena n-áirítear*** trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, bualadh le leanbh, ar líne nó go pearsanta, d'fhonn ceann ar bith de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5), (6) agus (7)***, Airteagal 4*** agus in Airteagal 5(6) a dhéanamh, i gcás ina ndearnadh gníomhartha ábhartha i ndiaidh na tairisceana sin a ***bhféadfaí*** teacht le chéile den sórt sin ***leanúint as***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 1 bhliain ar a laghad; ***.***

Leasú 84
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) agus (3) maidir le sirtheoireacht a dhéanamh ar leanbh chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a sholáthar, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis le huastéarma príosúnachta ***6 mhí*** ar a laghad.	Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, ***lena n-áirítear*** trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) agus (3) maidir le sirtheoireacht a dhéanamh ar leanbh chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a sholáthar , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis le huastéarma príosúnachta ***1 bhliain*** ar a

laghad.

Leasú 85
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***aon*** bhliain ***amháin*** ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí.	An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***2*** bhliain ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí.

Leasú 86
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) agus (5) a dhéanamh trína chur faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ***sa striapachas***, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***6 mhí*** ar a laghad.	Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, ***lena n-áirítear*** trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) agus (5) a dhéanamh trína chur faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ***gnéasach***, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***3 bliana*** ar a laghad.

Leasú 87
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***aon bhliain amháin*** ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí.	An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***6 bliana*** ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí.

Leasú 88
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sirtheoireacht ***mí-úsáide gnéasaí***	Sirtheoireacht ***mí-úsáid ghnéasach nó teacht i dtír gnéasach a dhéanamh, lena n-áirítear beoshruthú***

Leasú 89
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le hairgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a ghealladh d’aon ghnó nó a thabhairt d’aon duine, chun é a chur faoi deara dó aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagal 3(4), (5), (6), (7), agus (8), Airteagal 4(2) agus (3) agus Airteagal 5(6) a dhéanamh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***3*** bliana ar a laghad.	Maidir le hairgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a ghealladh d’aon ghnó nó a thabhairt d’aon duine, chun é a chur faoi deara dó aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagal 3(4), (5), (6), (7), agus (8), Airteagal 4(2) agus (3) agus Airteagal 5(6) a dhéanamh, ***lena n-áirítear beoshruthú,*** déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***6*** bliana ar a laghad.

Leasú 90
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le seirbhís sochaí faisnéise a oibriú nó a riar d'aon ghnó, ar seirbhís é atá ceaptha chun aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagail 3 go 7 a éascú nó a spreagadh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***aon bhliain amháin*** ar a laghad.	Maidir le seirbhís sochaí faisnéise a oibriú nó a riar d'aon ghnó, ar seirbhís é atá ceaptha chun aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagail 3 go 7 a éascú nó a spreagadh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta ***10 mbliana*** ar a laghad.

Leasú 91
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article8a
	Taisteal chun críoch mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le taisteal go tír seachas an Ballstát féin chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go 8b a dhéanamh nó cur le déanamh na gcionta sin, go mbeidh sé sin inphionóis mar ghníomh coiriúil i gcás ina ndéantar é d'aon ghnó.

Leasú 92
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article8b
	Cionta eile a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go n-áirítear leis na cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí na gníomhartha seo a leanas a dhéantar d'aon ghnó: (a) ábhar a scaipeadh lena bhfógrófar an deis chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8a a dhéanamh; (b) sracadh d'fhonn ceann amháin de na cionta a liostaítear in Airteagail 3 go 8 a dhéanamh; agus (c) cáipéisí bréagacha riaracháin a tharraingt suas nó a úsáid d'fhonn ceann de na ciontaí dtagraítear in Airteagail 3 go 8a a dhéanamh.

Leasú 93
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go ***8***, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis daoine a ghríosú chun na cionta sin a dhéanamh nó a bheith ag cabhrú leo agus á neartú.	1. Maidir le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go ***8b***, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis daoine a ghríosú chun na cionta sin a dhéanamh nó a bheith ag cabhrú leo agus á neartú.

Leasú 94
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5), (6), (7) agus (8), in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7), in Airteagal 5(4), (5) agus (6), in Airteagal 7 agus Airteagal ***8*** a dhéanamh.	2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5), (6), (7) agus (8), in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7), in Airteagal 5(4), (5) agus (6), in Airteagal 7 agus Airteagal ***8b*** a dhéanamh.

Leasú 95
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag*** Airteagal 3(2) ***agus (4)*** maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, ***a mhéid nár bhain*** aon mhí-úsáid ***leis na gníomhartha sin***.	1. ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhthéacs*** Airteagal 3(2)***, (4) agus (7), go dtabharfar díolúine ó choiriúlú*** maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, ***ar choinníoll nach bhfuil*** aon mhí-úsáid ***mhuiníne ná spleáchais ann idir na piaraí***.

Leasú 96
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag*** Airteagal 4(4)	2. ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhthéacs*** Airteagal 4(4) ***go dtabharfar díolúine ó choiriúlú*** maidir le taispeántas a bheidh ar

maidir le taispeántas a bheidh ar siúl i gcomhthéacs caidrimh chomhthoiliúil i gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh nó idir piaraí , a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír leis na gníomhartha agus nach dtabharfar aon airgead ná aon fhoirm eile luacha saothair ná comaoine mar íocaíocht mar mhalairt ar an taispeántas.	siúl i gcomhthéacs caidrimh chomhthoiliúil i gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh nó idir piaraí , a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír leis na gníomhartha agus nach dtabharfar aon airgead ná aon fhoirm eile luacha saothair ná comaoine mar íocaíocht mar mhalairt ar an taispeántas.

Leasú 97
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 5(2), (3), (4) agus (6) maidir le táirgeadh, fáil nó seilbh, nó rochtain ar, ábhar a bhaineann leo siúd a leanas, agus leo siúd amháin:	***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhthéacs*** Airteagal 5(2), (3), (4) agus (6)***, go dtabharfar díolúine ar choiriúlú*** maidir le táirgeadh, fáil nó seilbh , nó rochtain ar, ábhar a bhaineann leo siúd a leanas, agus leo siúd amháin:

Leasú 98
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i gcás ina dtáirgtear agus a sealbhaítear an t-ábhar sin le toiliú na leanaí lena mbaineann agus le haghaidh úsáid phríobháideach na ndaoine lena mbaineann agus le haghaidh na húsáide sin amháin, ***a mhéid nár bhain*** aon mhí-úsáid ***leis na gníomhartha***.	i gcás ina dtáirgtear agus a sealbhaítear an t-ábhar sin le toiliú na leanaí lena mbaineann agus le haghaidh úsáid phríobháideach na ndaoine lena mbaineann agus le haghaidh na húsáide sin amháin, ***ar choinníoll nach bhfuil*** aon mhí-úsáid ***mhuiníne ná spleáchais ann idir na piaraí***.

Leasú 99
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag*** Airteagal 6 maidir le tairiscintí, comhráite, teagmháil nó malartuithe idir piaraí.	4. ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhthéacs*** Airteagal 6, ***go dtabharfar díolúine ó choiriúlú*** maidir le tairiscintí, comhráite, teagmháil nó malartuithe idir piaraí***, ar choinníoll nach bhfuil aon mhí-úsáid mhuiníne ná spleáchais ann idir na piaraí***.

Leasú 100
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críoch mhíreanna 1 go 4, ní féidir a mheas gur thoiligh leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis le gníomhaíocht ach amháin i gcás inar thug an leanbh an toiliú dá dheoin féin, de thoradh saorthoil an linbh arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca.	Chun críoch mhíreanna 1 go 4 ***den Airteagal seo***, ní féidir a mheas gur thoiligh leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis le gníomhaíocht ach amháin i gcás inar thug an leanbh an toiliú dá dheoin féin agus go soiléir agus ar bhealach eolasach soiléir, de thoradh shaorthoil an linbh arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca, mar a shainmhínítear in Airteagal (2), pointe (2a). ***Ní mheasfar gur thoiligh leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a thabhairt mar gheall ar imthosca dá dtagraítear in Airteagal 3(5) nó mar gheall ar imthosca eile, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail***

riocht neamhaireachtála, codlata, meisce, ionaidh, reo, tinnis nó díobhála coirp.

Leasú 101
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú ***go heisiach*** mar gheall ar an leanbh a bheith ina thost, toisc nár chuir sé in aghaidh an ghnímh go briathartha nó go fisiciúil, nó mar gheall ar a iompar san am a chuaigh thart.	Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú mar gheall ar an leanbh a bheith ina thost, toisc nár chuir sé in aghaidh an ghnímh go briathartha nó go fisiciúil, nó mar gheall ar a iompar ***gnéasach*** san am a chuaigh thart ***nó le haon chaidreamh a bhí nó atá aige nó aici le ciontóir***.

Leasú 102
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní féidir comhroinnt chomhthoiliúil íomhánna ***nó*** físeán dlúthchaidrimh duine a léirmhíniú mar thoiliú i leith ath-chomhroinnt nó athscaipeadh na híomhá céanna sin.	6. Ní féidir comhroinnt chomhthoiliúil íomhánna***,*** físeán dlúthchaidrimh duine ***nó ábhar comhchosúil*** a léirmhíniú mar thoiliú i leith ath-chomhroinnt nó athscaipeadh na híomhá céanna sin***,*** an fhíseáin chéanna sin ***nó an ábhair chomhchosúil sin, lena n-áirítear i leagan ionramháilte nó athraithe***. ***Le haghaidh aon chomhroinnte nó ath-chomhroinnte ina dhiaidh sin, ag an bhfaighteoir bunaidh nó aon chomhpháirtí eile, beidh toiliú follasach eolasach ón duine atá léirithe ag teastáil.*** ***Féadfar an toiliú a tharraingt***

siar tráth ar bith.

Leasú 103
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) má rinneadh an cion in aghaidh leanbh a bhí ***i*** staid an-leochaileach, amhail leanbh atá faoi mhíchumas meabhrach nó fisiciúil, leanbh atá i staid spleáchais nó leanbh atá i staid éagumas fisiciúil nó meabhrach;	(a) má rinneadh an cion in aghaidh leanbh a bhí ***in aon*** staid an-leochaileach, amhail ***in aghaidh leanbh óg,*** leanbh atá faoi mhíchumas meabhrach, ***intleachtúil, céadfach*** nó fisiciúil, ***leanbh nach bhfuil saor nó a bhfuil srian a shaoirse an linbh,*** leanbh atá i staid spleáchais nó leanbh atá i staid éagumas fisiciúil nó meabhrach;

Leasú 104
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(h a) chuir an ciontóir i gcéill gur mhionaoiseach nó gur phiara é nó í;

Leasú 105
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(j a) ceann amháin nó níos mó de na forais a chosnaítear faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ba chúis leis an gcion.

Leasú 106
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun an riosca go ndéanfaí cionta arís a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine nádúrtha a ciontaíodh in aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a chosc go sealadach nó go buan, ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí.	1. Chun an riosca go ndéanfaí cionta arís a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine nádúrtha a ciontaíodh in aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a chosc go sealadach nó go buan, ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla ***agus gníomhaíochtaí eagraithe deonacha*** a dhéanamh lena mbaineann ***nó lena n-éascaítear*** teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí.

Leasú 107
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gceanglófar ar fhostóirí, agus daoine á n-earcú acu le haghaidh gníomhaíochtaí gairmiúla nó le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha eagraithe lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, agus ar eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus baill foirne á n-earcú acu, faisnéis a iarraidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta trí bhíthin aon mhodh iomchuí, amhail trí rochtain arna hiarraidh sin nó tríd an duine lena	2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gceanglófar ar fhostóirí, agus daoine á n-earcú acu le haghaidh gníomhaíochtaí gairmiúla nó le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha eagraithe lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, agus ar eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus baill foirne***, comhairleoirí agus oibrithe deonacha*** á n-earcú ***nó á bhfostú ar conradh*** acu, faisnéis a iarraidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta trí bhíthin aon mhodh

mbaineann, maidir le ciontuithe coiriúla a bheith ann i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, atá iontráilte sa taifead coiriúil nó maidir le haon dícháiliúchán a bheith ann ó ghníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin.

iomchuí, amhail trí rochtain arna hiarraidh sin nó tríd an duine lena mbaineann, maidir le ciontuithe coiriúla a bheith ann i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, atá iontráilte sa taifead coiriúil nó maidir le haon dícháiliúchán a bheith ann ó ghníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin.

Leasú 108
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Maidir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, arna iarraidh sin d'údaráis inniúla, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtarchuirfear faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a bheith ann, nó maidir le haon dícháiliúchán ó ghníomhaíochtaí a rinneadh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin, agus go mbeidh an fhaisnéis tharchurtha sin chomh cruinn agus is féidir agus go gcuimseofar léi, ar a laghad, faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla nó dícháiliúcháin a eascraíonn as ciontuithe coiriúla arna coinneáil ag aon Bhallstát. Chun na críche sin, tarchuirfear an fhaisnéis sin trí ECRIS nó tríd an sásra malartaithe faisnéise a bhunaítear	3. Maidir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, arna iarraidh sin d'údaráis inniúla, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtarchuirfear faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla ***ó na húdaráis chuig an bpáirtí is iarrthóir*** i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a bheith ann, nó maidir le haon dícháiliúchán ó ghníomhaíochtaí a rinneadh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin, agus go mbeidh an fhaisnéis tharchurtha sin chomh cruinn agus is féidir agus go gcuimseofar léi, ar a laghad, faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla nó dícháiliúcháin a eascraíonn as ciontuithe coiriúla arna coinneáil ag aon Bhallstát. Chun na críche sin, tarchuirfear an fhaisnéis sin trí ECRIS nó tríd an sásra malartaithe faisnéise ***taifead***

le tríú tíortha.	***coiriúil*** a bhunaítear le tríú tíortha.

Leasú 109
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha	***Pionóis do*** dhaoine dlítheanacha

Leasú 110
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13 inphionóis le ***smachtbhannaí*** atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, lena n-áireofar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus go bhféadfar ***smachtbhannaí*** eile a bheith ar áireamh orthu freisin, amhail na ***smachtbhannaí*** seo a leanas:	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13 inphionóis le ***pionóis*** atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, lena n-áireofar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus go bhféadfar ***pionóis*** eile a bheith ar áireamh orthu freisin, amhail na ***pionóis*** seo a leanas:

Leasú 111
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(f a) i gcás ina bhfuil leas an phobail ann, foilsiú an chinnidh bhreithiúnaigh ina iomláine, nó cuid de, ar cinneadh é a bhaineann leis an

gcion coiriúil a rinneadh agus na pionóis nó na bearta a forchuireadh, gan dochar do rialacha maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta.

Leasú 112
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás daoine dlítheanacha a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le cionta atá inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta sin inphionóis le fíneálacha nár cheart a n-uasleibhéal a bheith níos lú ná 1 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán domhanda an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh ***fíneála***.	2. I gcás daoine dlítheanacha a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le cionta atá inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta sin inphionóis le fíneálacha nár cheart a n-uasleibhéal a bheith níos lú ná 1 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán domhanda an duine dhlítheanaigh ***sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion nó*** sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh ***chun an fhíneáil a ghearradh, nó méid a chomhfhreagraíonn do EUR 8 000 000, gearrfar an méid is airde eatarthu***.

Leasú 113
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás daoine dlítheanacha a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a	3. I gcás daoine dlítheanacha a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a

áirithiú, maidir le cionta atá inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta sin inphionóis le fíneálacha nár cheart a n-uasleibhéal a bheith níos lú ná 5 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán domhanda an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh ***fíneála***.	áirithiú, maidir le cionta atá inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta sin inphionóis le fíneálacha nár cheart a n-uasleibhéal a bheith níos lú ná 5 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán domhanda an duine dhlítheanaigh ***sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion nó*** sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh ***chun an fhíneáil a ghearradh, nó méid a chomhfhreagraíonn do EUR 40 000 000, gearrfar an méid is airde eatarthu***.

Leasú 114
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a bhunú le haghaidh cásanna nach féidir méid na fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh.

Leasú 115
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Imscrúdú agus ionchúiseamh ***agus tréimhsí teorann***	Imscrúdú agus ionchúiseamh

Leasú 116
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun ionchúiseamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7) , aon cheann de na cionta tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 5(6) i gcás ina bhfuil úsáid bainte as ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (3)(a) agus (b), agus aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 a chumasú ar feadh tréimhse ama tar éis don íospartach lán-aois a bhaint amach a bheidh leordhóthanach agus a bheidh i gcomhréir le tromchúis an chiona lena mbaineann.	***scriosta***

Leasú 117
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an tréimhse sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír:	***scriosta***
(a) ar a laghad 20 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	

(b) ar a laghad 25 bliana ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;

(c) ar a laghad 30 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.

Leasú 118
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ar a laghad 20 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	***scriosta***

Leasú 119
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar a laghad 25 bliana ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	***scriosta***

Leasú 120
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ar a laghad 30 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.	***scriosta***

Leasú 121
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail na huirlisí a úsáidtear sa choireacht eagraithe nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí, ar fáil do dhaoine, d'aonaid nó do sheirbhísí atá freagrach as na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú nó a ionchúiseamh.	3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail na huirlisí a úsáidtear sa choireacht eagraithe nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí, ar fáil do dhaoine, d'aonaid nó do sheirbhísí atá freagrach as na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. ***I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na huirlisí sin uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a chomhrac, mar shampla an fhéidearthacht imscrúduithe faoi cheilt a dhéanamh, úsáid a bhaint as 'meallchórais', idircheapadh cumarsáidí, faireachas ceilte lena n-áirítear faireachas leictreonach agus faireachán a dhéanamh ar chuntais bhainc nó ar imscrúduithe airgeadais eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

Leasú 122
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú agus ionchúiseamh, go mbeidh dóthain foirne***,*** saineolais ***agus uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha*** acu chun na coireanna sin, lena n-áirítear coireanna a dhéantar trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. ***I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na huirlisí sin uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a chomhrac, mar shampla an fhéidearthacht imscrúduithe faoi cheilt a dhéanamh.***	4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú agus ionchúiseamh, go mbeidh dóthain foirne ***agus*** saineolais, lena n-áirítear coireanna a dhéantar trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

Leasú 123
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 16a
	Tréimhsí teorannaithe
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh aon tréimhse

	theorann i bhfeidhm do na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9.
Leasú 124 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 17 – mír 2**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun aon duine a bhfuil a fhios aige go ndearnadh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, nó a bhfuil amhras air, de mheon macánta, go ndearnadh amhlaidh, a spreagadh chun an méid sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla , gan ***difear a dhéanamh*** d'Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] agus d'Airteagal 12 de Rialachán (AE) .../...[25] [ina leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac].	2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun aon duine a bhfuil a fhios aige go ndearnadh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 , nó a bhfuil amhras air, de mheon macánta, go ndearnadh amhlaidh, a spreagadh chun an méid sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla , gan ***dochar*** d'Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] agus d'Airteagal 12 de Rialachán (AE) .../...[25] [ina leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac].
_____	_____
[24] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).	[24] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).
[25] Rialachán (AE)	[25] Rialachán (AE)
Leasú 125 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 17 – mír 3**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le ***gairmithe*** atá ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí sna hearnálacha oideachais, cúraim leanaí agus cúraim sláinte go mbeidh oibleagáid ar na gairmithe sin ar a laghad tuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnta acu chun a chreidiúint go ndearnadh cion atá inphionóis faoin Treoir seo nó gur dócha go ndéanfar cion den sórt sin.	3. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le ***gach gairmí agus oibrí deonach*** atá ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí***, lena n-áirítear*** sna hearnálacha ***cosanta leanaí*** oideachais, ***spóirt,*** cúraim leanaí agus cúraim sláinte***, chomh maith le gairmithe dlí, múinteoirí agus oideoirí, breithimh cúirte teaghlaigh agus póilíní túslíne, go mbeidh siad ar an eolas agus oilte chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a aithint.*** ***Tá oibleagáid ar na gairmithe agus na hoibrithe deonacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír*** tuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnta acu chun a chreidiúint go ndearnadh cion atá inphionóis faoin Treoir seo nó gur dócha go ndéanfar cion den sórt sin.

Leasú 126
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Gairmithe atá ***ag obair sna hearnálacha cúraim sláinte*** i gcomhthéacs clár atá ceaptha do dhaoine a ciontaíodh i gcion coiriúil atá inphionóis faoin Treoir seo nó do dhaoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís aon cheann de na cionta atá inphionóis faoin Treoir seo, díolmhóidh na Ballstáit iad ón oibleagáid tuairiscithe dá bhforáiltear i mír 3.	4. Gairmithe atá ***gníomhach*** i gcomhthéacs clár atá ceaptha do dhaoine a ciontaíodh i gcion coiriúil atá inphionóis faoin Treoir seo nó do dhaoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís aon cheann de na cionta atá inphionóis faoin Treoir seo, díolmhóidh na Ballstáit iad ón oibleagáid tuairiscithe dá bhforáiltear i mír 3.

Leasú 127
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Áiritheoidh na Ballstáit gurb ann do shásraí tuairiscithe atá inrochtana, infheicthe, soiléir, soláimhsithe agus inscneíogair. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag na sásraí tuairiscithe sin, lena n-áirítear ó thaobh cistiúcháin agus foirne de

Leasú 128
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I dteannta cearta íospartach nuair atá gearrán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, agus Airteagal 5a faoi Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íospartaigh in ann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 den Treoir seo a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar bhealach éasca agus inrochtana. Áireofar leis sin an fhéidearthacht na cionta coiriúla sin a thuairisciú, agus fianaise a chur isteach nuair is féidir, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar féidir teacht orthu	1. I dteannta cearta íospartach nuair atá gearrán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, agus Airteagal 5a faoi Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íospartaigh in ann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 den Treoir seo a thuairisciú do na húdaráis inniúla ***saor in aisce, go sábháilte agus*** ar bhealach éasca***, rúnda*** agus inrochtana. Áireofar leis sin an fhéidearthacht na cionta coiriúla sin a thuairisciú, agus fianaise a chur isteach nuair is féidir, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus

go héasca agus atá soláimhsithe.

cumarsáide ar féidir teacht orthu go héasca agus atá soláimhsithe.

Leasú 129
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaí tuairisciú tríú páirtí a dhéanamh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an sásra tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 130
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 sábháilte, rúnda agus deartha ar bhealach agus i bhfriotal atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an tuairisciú coinníollach ar thoiliú tuismitheora.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 sábháilte, rúnda agus deartha ar bhealach agus i bhfriotal atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an tuairisciú coinníollach ar thoiliú tuismitheora ***agus go gcuirfear faisnéis iomchuí ar fáil faoi nósanna imeachta tuairiscithe agus faoi sheirbhísí tacaíochta***. ***Áiritheoidh na Ballstáit gurb ann do shásraí tuairiscithe atá inrochtana, infheicthe, soiléir, soláimhsithe agus inscne-íogair i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta Barnahus. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní***

	leordhóthanacha ag na sásraí tuairiscithe sin, lena n-áirítear ó thaobh cistiúcháin agus foirne de
Leasú 131 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar struchtúir idirghníomhaireachta ildisciplíneacha atá oiriúnach ó thaobh aoise de chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear i gcás ina n-éascaítear an mhí-úsáid sin trí bhíthin theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Spreagfaidh agus tacóidh na Ballstáit, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, le sásraí tuairiscithe eile, go háirithe an méid seo a leanas:
	(a) línte cabhrach tiomnaithe agus beolínte tiomnaithe a fhorbairt, lena n-áirítear an uimhir '116 000', ach gan a bheith teoranta di;
	(b) oifigigh fholláine a cheapadh, ar oifigigh iad atá oilte go sonrach chun amhras faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a fháil, a mheasúnú agus a thuairisciú.
	Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na córais tuairiscithe dá dtagraítear sa dara fomhír a chomhtháthú go hiomlán sna córais náisiúnta cosanta leanaí agus go mbeidh acmhainní

leordhóthanacha acu, lena n-áirítear ó thaobh cistiúcháin agus foirne de.

Beidh na struchtúir sin gan dochar d'aon chóras atá ann cheana sna Ballstáit.

Leasú 132
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na húdaráis inniúla a thagann i dteagmháil le híospartaigh agus iad ag tuairisciú cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí nó cionta teacht i dtír gnéasaigh go mbeidh toirmeasc ar na húdaráis inniúla sin sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaitheora an íospartaigh a aistriú chuig na húdaráis inimirce inniúla, ***ar a laghad sula gcríochnófar an chéad mheasúnú aonair ar riachtanais chosanta an íospartaigh sin arna dhéanamh gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2012/29/AE***.	3. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na húdaráis inniúla a thagann i dteagmháil le híospartaigh agus iad ag tuairisciú cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí nó cionta teacht i dtír gnéasaigh go mbeidh toirmeasc ar na húdaráis inniúla sin sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaitheora an íospartaigh a aistriú chuig na húdaráis inimirce inniúla, ***agus iad a úsáid chun nósanna imeachta um fhilleadh a dhéanamh***.

Leasú 133
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, oibreoidh na Ballstáit sin i gcomhar le chéile chun a chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh imeachtaí	6. I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, oibreoidh na Ballstáit sin i gcomhar le chéile chun a chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh imeachtaí

coiriúla. Déanfar an t-ábhar a chur os comhair Eurojust, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Réime 2009/948/CGB.

coiriúla. Déanfar an t-ábhar a chur os comhair Eurojust, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Réime 2009/948/CGB ***agus cuirfear gach údarás inniúil náisiúnta ar an eolas dá réir sin chun comhar trasteorann a éascú***.

Leasú 134
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, comhar éifeachtúil le Eurojust agus Europol maidir le himeachtaí agus imscrúduithe coiriúla a bhaineann le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus maidir le haistriú na n-imeachtaí sin, go háirithe i gcásanna a bhaineann le Ballstáit iomadúla. Leis an gcomhar sin, éascófar malartú trasteorann faisnéise, imscrúduithe comhpháirteacha, agus cúnamh i dtaca le hiarrachtaí ionchúisimh.

Leasú 135
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Íospartaigh*** na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, ***tabharfar*** cúnamh, tacaíocht agus cosaint dóibh i gcomhréir le hAirteagail 21	1. ***Maidir le híospartaigh*** na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, ***áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar*** cúnamh, tacaíocht

agus 22 , agus leas an linbh á chur san áireamh.

agus cosaint dóibh i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 , agus leas an linbh á chur san áireamh***, gan beann ar má chuir siad gearán foirmiúil isteach nó murar chuir***.

Leasú 136
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Áiritheoidh na Ballstáit soláthar seirbhísí cúraim sláinte atá inrochtana go héasca, saor in aisce agus cuimsitheach d'íospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí iad, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe.

Leasú 137
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht speisialaithe agus iomchuí d'íospartaigh roimh imeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí tar éis dóibh a bheith tugtha chun críche, chun a chur ar chumas na n-íospartach na cearta a fheidhmiú a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE, i dTreoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht speisialaithe agus iomchuí d'íospartaigh roimh imeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí tar éis dóibh a bheith tugtha chun críche, chun a chur ar chumas na n-íospartach na cearta a fheidhmiú a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE, i dTreoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus

cosaint íospartaigh na coireachta] agus sa Treoir seo. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go mbeidh rochtain*** go háirithe ***ag íospartaigh*** na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ***ar sheirbhísí tacaíochta spriocdhírithe comhtháite le haghaidh leanaí*** i gcomhréir le hAirteagal 9a de Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta]. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cosaint do leanaí a dhéanfaidh cásanna mí-úsáide laistigh dá dteaghlach a thuairisciú.

cosaint íospartaigh na coireachta] agus sa Treoir seo. ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***rochtain ar fáil*** go háirithe ***d'íospartaigh*** na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ***ar ionaid atreorúcháin atá inrochtana go héasca, a fhéadfaidh a bheith ina gcuid den chóras náisiúnta cúraim sláinte, chun tacaíocht a áirithiú d'íospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí iad agus chun bainistiú cliniciúil ar fhoréigean gnéasach a áirithiú, lena n-áirítear cúnamh maidir le coinneáil agus doiciméadú fianaise,*** i gcomhréir le hAirteagal 9a de Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta]. ***Tabharfaidh na hionaid sin tacaíocht thráma-íogair agus, i gcás inar gá, atreorúchán go tacaíocht tráma speisialaithe agus comhairleoireacht d'íospartaigh ar leanaí iad. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ar imscrúduithe leighis agus fóiréinseacha a fhéadfar a sholáthar sna hionaid sin nó trína n-atreorú chuig ionaid nó aonaid speisialaithe. Áiritheoidh na Ballstáit comhordú idir na hionaid atreorúcháin agus na hionaid leighis agus fhóiréinseacha inniúla. Soláthrófar na seirbhísí uile dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhealach atá fabhrach***

do leanaí. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go gceanglófaí na hionaid sin leis na hionaid arna mbunú faoi Airteagal 28 de Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh ban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cosaint do leanaí a dhéanfaidh cásanna mí-úsáide laistigh dá dteaghlach a thuairisciú***, ar aon dul le leas an linbh***.

Leasú 138
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Tabharfar*** cúram leighis, ***tacaíocht mhothúchánach***, ***tacaíocht shíceasóisialta***, ***tacaíocht shíceolaíoch*** agus ***tacaíocht oideachasúil atá comhordaithe*** agus ***oiriúnach dá n-aois d'íospartaigh***, chomh maith le haon tacaíocht iomchuí eile atá saincheaptha do chásanna ***foréigin teaghlaigh go háirithe***.	2. ***Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar*** cúram leighis ***atá inrochtana***, ***fabhrach do leanaí***, ***cuimsitheach, speisialaithe***, ***comhordaithe, oiriúnach ó thaobh riachtanais*** agus ***aoise de d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis*** agus ***atáirgthe, tacaíocht mhothúchánach, shíceasóisialta, shíceolaíoch, dhlíthiúil, oideachais agus riaracháin***, chomh maith le haon tacaíocht iomchuí eile atá saincheaptha ***go háirithe*** do chásanna ***mí-úsáide gnéasaí, agus aird ar leith á tabhairt ar théarnamh fadtéarmach na n-íospartach***. ***Beidh an tacaíocht sin ar fáil in aon áit amháin, bunaithe ar mhúnla 'Barnahus'.***

Leasú 139
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Beidh na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fáil saor in aisce, agus beidh siad inrochtana gach lá den tseachtain, gan dochar do na seirbhísí sin dá bhforáiltear faoin gcóras náisiúnta cúraim sláinte. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh geografach leordhóthanach agus acmhainneacht leordhóthanach ag na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fud an Bhallstáit.

Leasú 140
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás inar gá ***foráil a dhéanamh maidir le*** cóiríocht eatramhach***,*** cuirfear leanaí i gcúram le baill eile dá dteaghlach, i dtithíocht shealadach nó bhuan más gá, ina mbeidh seirbhísí tacaíochta ar fáil.	3. I gcás inar gá***, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar*** cóiríocht eatramhach ***do leanaí.*** Cuirfear leanaí i gcúram le baill eile dá dteaghlach ***mar thosaíocht, agus leas an linbh á chur san áireamh***, i dtithíocht shealadach nó bhuan más gá, ina mbeidh seirbhísí tacaíochta ar fáil.

Leasú 141
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Íospartaigh de chionta atá inphionóis faoin Treoir seo, ***beidh*** rochtain acu ar na hionaid atreorúcháin a bhunaítear faoi Airteagal ***28*** de Threoir [.../.../AE Treoir atá beartaithe maidir le foréigean in aghaidh na mban][26].	4. Íospartaigh de chionta atá inphionóis faoin Treoir seo, ***áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh*** rochtain acu ar na hionaid atreorúcháin a bhunaítear faoi Airteagal ***26*** de Threoir [.../.../AE Treoir atá beartaithe maidir le foréigean in aghaidh na mban][26].
[26] COM(2022) 105, 08.03.2022.	[26] COM(2022) 105, 08.03.2022.

Leasú 142
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Íospartaigh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, measfar gur íospartaigh an-leochaileach iad ***de bhun*** Airteagal 22(2) de Threoir 2012/29/AE agus de bhun Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta].	7. Íospartaigh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, measfar gur íospartaigh an-leochaileach iad ***laistigh de chiall*** Airteagal 22(2) de Threoir 2012/29/AE agus de bhun Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta].

Leasú 143
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 9 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. ***Tacóidh*** Lárionad an Aontais ***go réamhghníomhach***,	9. ***Tacófar go réamhghníomhach le***

a luaithe a bheidh sé ar bun, ***le hiarrachtaí na mBallstát*** i ndáil le cúnamh d'íospartaigh mar a leanas:	***hiarrachtaí na mBallstát ag*** Lárionad an Aontais, a luaithe a bheidh sé ar bun, i ndáil le cúnamh d'íospartaigh mar a leanas:
Leasú 144 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 22 – teideal**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Íospartaigh linbh a chosaint in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí coiriúla	Linbh a chosaint in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí coiriúla
Leasú 145 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 22 – mír 1**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, go gceapfaidh na húdaráis inniúla ionadaí speisialta don íospartach ar leanbh é i gcás, faoin dlí náisiúnta, ina bhfuil cosc ar dhaoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu ionadaíocht a dhéanamh don leanbh de dheasca coinbhleacht leasa a bheith ann idir iad agus an t-íospartach ar leanbh é, nó i gcás ina bhfuil an leanbh neamhthionlactha nó scartha ón teaghlach.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, go gceapfaidh na húdaráis inniúla ionadaí speisialta don íospartach ar leanbh é i gcás, faoin dlí náisiúnta, ina bhfuil cosc ar dhaoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu ionadaíocht a dhéanamh don leanbh de dheasca coinbhleacht leasa a bheith ann idir iad agus an t-íospartach ar leanbh é, nó i gcás ina bhfuil an leanbh neamhthionlactha nó scartha ón teaghlach. ***Cuirfear oiliúint ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas lena dtacaítear le leanaí.***

Leasú 146
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cuirfear agallaimh ar an íospartach ar leanbh é gan mhoill nach bhfuil bonn cirt léi tar éis na fíricí a bheith tuairiscithe do na húdaráis inniúla;	(a) cuirfear agallaimh ar an íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, ar fhinné ar leanbh é,*** gan mhoill nach bhfuil bonn cirt léi tar éis na fíricí a bheith tuairiscithe do na húdaráis inniúla;

Leasú 147
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirfear agallaimh ar an íospartach ar leanbh é ar láthair atá deartha nó curtha in oiriúint chun na críche sin;	(b) cuirfear agallaimh ar an íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, ar fhinné ar leanbh é,*** ar láthair atá deartha nó curtha in oiriúint chun na críche sin;

Leasú 148
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) is iad gairmithe atá oilte chun na críche sin a chuirfidh agallaimh ar an íospartach ar leanbh é;	(c) is iad gairmithe atá oilte chun na críche sin a chuirfidh agallaimh ar an íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, ar fhinné ar leanbh é***;

Leasú 149
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) is iad na daoine céanna, i gcás inar féidir sin agus inarb iomchuí, a chuirfidh na hagallaimh ar fad ar an íospartach ar leanbh é;	(d) is iad na daoine céanna, i gcás inar féidir sin agus inarb iomchuí, a chuirfidh na hagallaimh ar fad ar an íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, ar fhinné ar leanbh é***;

Leasú 150
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) féadfaidh an t-íospartach ar leanbh é a bheith faoi thionlacan a ionadaí dhlíthiúil nó, i gcás inarb iomchuí, duine fásta dá rogha féin, mura bhfuil cinneadh réasúnaithe dá mhalairt déanta i leith an duine sin.	(f) féadfaidh an t-íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, an finné ar leanbh é,*** a bheith faoi thionlacan a ionadaí dhlíthiúil nó, i gcás inarb iomchuí, duine fásta dá rogha féin, mura bhfuil cinneadh réasúnaithe dá mhalairt déanta i leith an duine sin.

Leasú 151
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, in imscrúduithe coiriúla a bhaineann le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, go bhféadfar gach agallamh le híospartach ar leanbh é nó, i gcás inarb ***iomchuí***, le finné ar leanbh é, a fhístaifeadadh agus go bhféadfar na hagallaimh fhístaifeadta sin a úsáid mar	4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, in imscrúduithe coiriúla a bhaineann le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 , go bhféadfar gach agallamh le híospartach ar leanbh é nó, i gcás inarb ***infheidhme***, le finné ar leanbh é, a fhístaifeadadh agus go bhféadfar na hagallaimh fhístaifeadta sin a úsáid mar

fhianaise in imeachtaí coiriúla cúirte, i gcomhréir leis na rialacha faoin dlí náisiúnta.	fhianaise in imeachtaí coiriúla cúirte, i gcomhréir leis na rialacha faoin dlí náisiúnta.
Leasú 152 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 22 – mír 5 – pointe b**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go bhfaighidh an t-íospartach ar leanbh é éisteacht i seomra na cúirte gan é a bheith i láthair, go háirithe, trí bhíthin teicneolaíochtaí cumarsáide iomchuí.	(b) go bhfaighidh an t-íospartach ar leanbh é ***nó, i gcás inarb infheidhme, finné ar leanbh é,*** éisteacht i seomra na cúirte gan é a bheith i láthair, go háirithe, trí bhíthin teicneolaíochtaí cumarsáide iomchuí.
Leasú 153 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 22 – mír 6**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcás inar mhaithe le híospartaigh linbh é sin a dhéanamh agus leasa sáraitheacha eile á gcur san áireamh, chun príobháideachas, céannacht agus íomhá íospartach linbh a chosaint, agus chun scaipeadh poiblí aon fhaisnéise lena bhféadfaí iad a shainaithint a chosc.	6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcás inar mhaithe le híospartaigh linbh ***nó, i gcás inarb infheidhme, finnéithe linbh,*** é sin a dhéanamh agus leasa sáraitheacha eile á gcur san áireamh, chun príobháideachas, céannacht agus íomhá íospartach linbh ***agus finnéithe linbh*** a chosaint, agus chun scaipeadh poiblí aon fhaisnéise lena bhféadfaí iad a shainaithint a chosc.
Leasú 154 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 22 – mír 7**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil gá le rannpháirtíocht linbh in imeachtaí cúirte coiriúla a bhaineann le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, go gcuirfidh an chúirt ***aois agus aibíocht*** an linbh san áireamh sna himeachtaí cúirte ábhartha.	7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil gá le rannpháirtíocht linbh in imeachtaí cúirte coiriúla a bhaineann le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, go gcuirfidh an chúirt ***leochaileachtaí*** an linbh san áireamh sna himeachtaí cúirte ábhartha***, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le haois, aibíocht agus folláine mheabhrach agus fhisiciúil an linbh***. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm aige sin maidir le gach leanbh, lena n-áirítear na linbh a bhfuil amhras fúthu nó na linbh atá cúisithe nó ciontaithe i gcoir.***

Leasú 155
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I dteannta a gceart faoi Airteagal 16a de Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], ceadófar d'íospartaigh cúiteamh a iarraidh i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla i leith aon díobháil a rinneadh dóibh le haon cheann de na cionta atá inphionóis faoin Treoir seo***, ar feadh*** tréimhse ***leordhóthanach, i gcomhréir le tromchúis an chiona, tar éis dóibh lán-aois a shroicheadh***.	2. I dteannta a gceart faoi Airteagal 16a de Threoir (AE) …/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], ceadófar d'íospartaigh cúiteamh a iarraidh i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla i leith aon díobháil a rinneadh dóibh le haon cheann de na cionta atá inphionóis faoin Treoir seo***. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon*** tréimhse ***theorann i bhfeidhm maidir le ceart na n-íospartach chun cúitimh.***

Leasú 156
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír:	***scriosta***
(a) ar a laghad 20 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	
(b) ar a laghad 25 bliana ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	
(c) ar a laghad 30 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.	

Leasú 157
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ar a laghad 20 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	***scriosta***

Leasú 158
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar a laghad 25 bliana ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	***scriosta***

Leasú 159
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ar a laghad 30 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.	***scriosta***

Leasú 160
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunóidh na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:	Bunóidh ***nó ceapfaidh*** na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Leasú 161
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Go háirithe, beidh na húdaráis náisiúnta freagrach as na hoibleagáidí maidir le bailiú sonraí, taighde agus tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 31.	Go háirithe, beidh na húdaráis náisiúnta freagrach as na hoibleagáidí maidir le bailiú sonraí, taighde agus tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 31. ***Agus na gníomhaíochtaí arna liostú i mír 1 á ndéanamh, tacóidh Lárionad an Aontais leis na Ballstáit, a luaithe a bhunófar é.***

Leasú 162
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú maidir le bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ***dul i ngleic le*** mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, ar líne agus as líne araon, ag an leibhéal náisiúnta, le húdaráis, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, an córas breithiúnach, ionchúisitheoirí poiblí, soláthraithe seirbhísí tacaíochta chomh maith le soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise, eagraíochtaí neamhrialtasacha, seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear údaráis cosanta leanaí nó údaráis leasa leanaí, soláthraithe oideachais agus cúraim sláinte, comhpháirtithe sóisialta, gan	Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú maidir le bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ***a chomhrac***, ar líne agus as líne araon, ag an leibhéal náisiúnta, le húdaráis, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, an córas breithiúnach, ionchúisitheoirí poiblí, soláthraithe seirbhísí tacaíochta chomh maith le soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ***lena n-áirítear na beolínte agus na línte cabhrach sin,*** seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear údaráis cosanta leanaí nó údaráis leasa leanaí, soláthraithe oideachais

dochar dá neamhspleáchas, agus eagraíochtaí agus eintitis ábhartha eile. Áireofar leis na sásraí sin freisin go mbeidh comhordú agus comhar éifeachtach ann le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún.	agus cúraim sláinte, comhpháirtithe sóisialta, gan dochar dá neamhspleáchas, agus eagraíochtaí agus eintitis ábhartha eile. Áireofar leis na sásraí sin freisin go mbeidh comhordú agus comhar éifeachtach ann ***i measc na mBallstát,*** le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún ***agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais***.
Leasú 163 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 25 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 25a ***Comhar Idirnáisiúnta*** ***Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus cúnamh frithpháirteach dlí in ábhair choiriúla, rachaidh údaráis inniúla na mBallstát, Europol, Eurojust agus Lárionad an Aontais, faoina n-inniúlachtaí faoi seach agus laistigh de theorainneacha a gcúraimí faoi seach, i gcomhar le húdaráis inniúla tríú tíortha sa chomhrac in aghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8b.***
Leasú 164 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 26**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 26	***scriosta***
Bearta in aghaidh fógairt deiseanna mí-úsáide agus in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht	
Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc nó toirmeasc ar chur ar na gníomhaíochtaí seo a leanas:	
(a) ábhar a scaipeadh lena bhfógrófar an deis chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 a dhéanamh; agus	
(b) taisteal a shocrú do dhaoine eile, bíodh an taisteal sin chun críoch tráchtála nó ná bíodh, chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 a dhéanamh.	

Leasú 165
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú maidir le daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, go mbeidh rochtain acu ar chláir idirghabhála nó ar bhearta idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach arna gceapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaí na cionta	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú maidir le daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 , go mbeidh rochtain acu ar chláir idirghabhála nó ar bhearta idirghabhála ***atá éasca agus anaithnid agus*** atá tiomnaithe agus éifeachtach arna gceapadh chun meastóireacht a dhéanamh

sin agus chun an riosca sin a chosc.	ar an riosca go ndéanfaí na cionta sin agus chun an riosca sin a chosc ***agus ar chainéil inrochtana, soláimhsithe, sábháilte agus ar fáil go réidh amhail línte cabhrach agus comhráite ar líne, arna n-oibriú ag foireann atá oilte go hiomchuí***. ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus grúpaí tacaíochta ar fáil do dhaoine a bhfuil eagla orthu go ndéanfaidh ball dá dteaghlaigh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9.***
Leasú 166 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 27 – mír 2**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na cláir nó na bearta dá dtagraítear i mír 1 gan srianta míchuí i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta maidir le cúram sláinte.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na cláir nó na bearta dá dtagraítear i mír 1 gan srianta míchuí i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta maidir le cúram sláinte***, agus go dtugtar acmhainní do na cláir i gceart agus go leanúnach***.
Leasú 167 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 28 – mír 1**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun an t-éileamh a chothaíonn gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, déanfaidh na Ballstáit bearta	1. Chun an t-éileamh a chothaíonn gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, déanfaidh na Ballstáit bearta

iomchuí, amhail oideachas agus oiliúint, feachtais faisnéise agus mhúscailte feasachta maidir leis na hiarmhairtí ar feadh an tsaoil a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, a neamhdhleathacht, agus an fhéidearthacht go mbeidh rochtain ar chláir idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach ag daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís cionta gaolmhara.	iomchuí, amhail oideachas agus oiliúint, feachtais faisnéise agus mhúscailte feasachta maidir leis na hiarmhairtí ar feadh an tsaoil a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, a neamhdhleathacht, agus an fhéidearthacht go mbeidh rochtain ar chláir idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach ag daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís cionta gaolmhara. ***Forbróidh na Ballstáit straitéis cumarsáide agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus cuirfidh siad idirphlé agus comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, beolínte, línte cabhrach, údaráis phoiblí, agus seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise chun cinn.***
Leasú 168 **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 28 – mír 1 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Beidh sé mar aidhm freisin leis na bearta dá dtagraítear i mír 1 an fheasacht gur cion coiriúil é gnéas neamhthoiliúil a mhéadú, agus an tuiscint a chur chun cinn nach mór toiliú a thabhairt go deonach mar thoradh ar shaorthoil duine, ar urraim fhrithpháirteach, agus ar an gceart chun sláine gnéis agus neamhspleáchas coirp. Déanfar na bearta sin a oiriúnú do chumas athraitheach na ndaoine a bhfuil siad dírithe chucu.

Leasú 169
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear trí bhíthin an Idirlín, amhail feachtais faisnéise agus feachtais mhúscailte feasachta agus taighde, cláir nó ábhair oideachais agus oiliúna, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile i gcás inarb iomchuí, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an bhfeasacht a mhúscailt agus an riosca go mbeidh leanaí ina n-íospartaigh ag an mí-úsáid ghnéasach nó ag an teacht i dtír gnéasach a laghdú.	2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear trí bhíthin an Idirlín, amhail feachtais faisnéise agus feachtais mhúscailte feasachta agus taighde, cláir nó ábhair oideachais agus oiliúna***, lena n-áirítear maidir le litearthacht dhigiteach, gnéasoideachas atá oiriúnach d'aois a dhíríonn ar choincheap an toilithe, ar chleachtais shábháilte ar líne agus as líne, chomh maith le húsáid cheart an idirlín agus teicneolaíochtaí nua***, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile i gcás inarb iomchuí, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an bhfeasacht a mhúscailt agus an riosca go mbeidh leanaí ina n-íospartaigh ag an mí-úsáid ghnéasach nó ag an teacht i dtír gnéasach a laghdú.

Leasú 170
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***oiliúint thráthrialta a chur chun cinn*** , lena n-áirítear sa cheartas ***lena dtacaítear le*** leanaí ***le haghaidh gairmithe***, breithiúna agus oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le	3. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go ndéanfar oiliúint thráthrialta agus speisialaithe***, lena n-áirítear sa cheartas ***atá fabhrach do*** leanaí***, a chur chun cinn nó a thairiscint do ghairmithe***, breithiúna agus oifigigh ar dócha

híospartaigh ***na*** mí-úsáide gnéasaí nó ***an*** teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear ***gairmithe*** cosanta leanaí, ***dlíodóirí***, múinteoirí ***agus oideachasóirí, breithiúnaí cúirte teaghlaigh***, ***agus póilíní túslíne***, ***ach gan gach oifigeach eile a chur as an áireamh*** , oiliúint a mbeidh sé d'aidhm ***aici*** a chur ar ***chumas na n-oifigeach sin íospartaigh na*** mí-úsáide gnéasaí nó ***an*** teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ***nó*** íospartaigh fhéideartha ***na*** mí-úsáide gnéasaí nó ***an*** teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad a shainaithint agus déileáil leo.

go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear***, ach gan a bheith teoranta do, ghairmithe*** cosanta leanaí, ***gairmithe dlí***, múinteoirí***, baill foirne a oibríonn i gcúram do leanaí***, ***gairmithe cúraim sláinte agus oideoirí***, ***oibrithe deonacha agus cóitseálaithe, breithiúna cúirte teaghlaigh agus póilíní túslíne***, ***ar*** oiliúint ***í*** a mbeidh sé d'aidhm ***léi*** a chur ar ***a gcumas luathchomharthaí mí-úsáide, mí-úsáide féideartha nó teacht i dtír féideartha a bhrath, íospartaigh*** mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ***agus*** íospartaigh fhéideartha mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad a shainaithint agus déileáil leo.

Leasú 171
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun ***feabhas a chur ar chosc*** an ***mhí-úsáid gnéasaí*** leanaí i dtimpeallachtaí pobail, lena n-áirítear scoileanna, ospidéil, seirbhísí cúraim shóisialta, clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha.

Leasú

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun ***a áirithiú go gcuirfear cosc ar*** an mí-úsáid gnéasaí leanaí i dtimpeallachtaí pobail, lena n-áirítear scoileanna, ospidéil, seirbhísí cúraim shóisialta, ***cúram altrama, cúram lae,*** clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha ***trí scileanna leordhóthanacha a thabhairt do leanaí agus do dhaoine fásta, lena n-áirítear tuismitheoirí agus oideoirí, chun iompar mailíseach a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath***.

Áireofar sa bheart sin:

Leasú 172
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí tiomnaithe oiliúna agus múscailte feasachta ***le haghaidh ball foirne*** atá ag obair i ***dtimpeallachtaí den sórt sin***;	(a) gníomhaíochtaí tiomnaithe oiliúna agus múscailte feasachta ***do bhaill foirne, do chomhairleoirí agus d'oibrithe deonacha*** atá ag obair i ***ndlúth-theagmháil le leanaí, lena n-áirítear maidir le conas mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a shainaithint agus freagairt a chur ar fáil atá oiriúnach ó thaobh aoise de, inscne-íogair agus feasach ar thráma***;

Leasú 173
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) treoirlínte tiomnaithe, prótacail inmheánacha tiomnaithe agus caighdeánacha tiomnaithe chun dea-chleachtais a shainaithint, amhail sásraí a bhunú maidir le maoirseacht agus cuntasacht le haghaidh ball foirne atá ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí i dtimpeallachtaí den sórt sin;	(b) ***beartais riachtanacha maidir le cosaint leanaí,*** treoirlínte tiomnaithe, prótacail inmheánacha tiomnaithe agus caighdeánacha tiomnaithe chun dea-chleachtais a shainaithint, amhail sásraí a bhunú maidir le maoirseacht agus cuntasacht le haghaidh ball foirne atá ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí i dtimpeallachtaí den sórt sin;

Leasú 174
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) spásanna sábháilte, arna mbainistiú ag foireann tiomnaithe a bhfuil oiliúint iomchuí orthu, a chruthú, inar féidir le leanaí, tuismitheoirí, cúramóirí agus baill den phobal iompar míchuí a thuairisciú.	(c) spásanna sábháilte ***agus inrochtana***, arna mbainistiú ag foireann tiomnaithe a bhfuil oiliúint iomchuí orthu, a chruthú, inar féidir le leanaí, tuismitheoirí, cúramóirí agus baill den phobal iompar míchuí a thuairisciú.

Leasú 175
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) línte cabhrach, comhráite ar líne, nó cainéil eile a chruthú atá infhaighte go réidh, arna reáchtáil ag pearsanra atá oilte go hiomchuí, inar féidir le leanaí faisnéis agus comhairle a fháil i ndáil leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8b.

Leasú 176
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le bearta coisctheacha tabharfar aird faoi leith ar an ngá atá le leanaí atá an-leochaileach a chosaint, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumais mheabhracha nó fhisiciúla.	Le bearta coisctheacha tabharfar aird faoi leith ar an ngá atá le leanaí atá an-leochaileach a chosaint, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumais mheabhracha***, intleachtúla, chéadfacha*** nó fhisiciúla.

Leasú 177
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tacóidh Lárionad an Aontais go réamhghníomhach, a luaithe a bheidh sé ar bun, ***le hiarrachtaí coisctheacha*** na ***mBallstát*** mar a leanas:	5. ***Chun críocha na Treorach seo,*** tacóidh Lárionad an Aontais go réamhghníomhach, a luaithe a bheidh sé ar bun, ***leis*** na ***Ballstáit*** mar a leanas:

Leasú 178
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) éascóidh sé malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát agus tríú tíortha trí bhunachar sonraí poiblí a choinneáil maidir le bearta agus cláir choisctheacha arna gcur chun feidhme i ngach Ballstát agus i dtríú tíortha.	(c) éascóidh sé ***giniúint agus*** malartú ***eolais, treoirlínte do ghairmithe túslíne,*** dea-chleachtas ***agus saineolais*** i measc na mBallstát***, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais*** agus tríú tíortha trí bhunachar sonraí poiblí a choinneáil maidir le bearta agus cláir choisctheacha arna gcur chun feidhme i ngach Ballstát agus i dtríú tíortha.

Leasú 179
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 5 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) tacú le feachtais náisiúnta múscailte feasachta agus coisc, cláir oideachais agus idirghabhála, uirlisí agus ábhair a fhorbairt.

Leasú 180
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gníomhaíochtaí arna liostú i mír 5 bunaithe ar fhianaise agus cuirtear san áireamh sna gníomhaíochtaí sin go bhfuil comharthaí ann go bhfuil méadú ag teacht ar na cionta arna liostú sa Treoir, lena n-áirítear ar líne.

Leasú 181
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 29 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go ***dtoilleann*** siad páirt a ghlacadh sna cláir nó sna bearta agus na fíorais go hiomlán ar eolas acu;	(b) go ***n-aontaíonn*** siad páirt a ghlacadh sna cláir nó sna bearta agus na fíorais go hiomlán ar eolas acu;

Leasú 182
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 30 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh chun rochtain ar leathanaigh ghréasáin a bhfuil ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iontu nó lena ndéantar é a scaipeadh i dtreo úsáideoirí Idirlín ina gcríoch a bhlocáil. Ní mór na bearta sin a shocrú trí nósanna imeachta trédhearcacha	2. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh ***go pras*** chun rochtain ar leathanaigh ghréasáin a bhfuil ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iontu nó lena ndéantar é a scaipeadh i dtreo úsáideoirí idirlín ina gcríoch a bhlocáil. Ní mór na bearta sin a shocrú trí nósanna imeachta trédhearcacha agus ní

agus ní mór coimircí leordhóthanacha a sholáthar leo, go háirithe chun a áirithiú nach rachaidh an srian thar an méid is gá agus is comhréireach, agus go gcuirfear úsáideoirí ar an eolas faoin gcúis leis an srianadh. Áireofar an fhéidearthacht leigheas breithiúnach a fháil sna coimircí sin.

mór coimircí leordhóthanacha a sholáthar leo, go háirithe chun a áirithiú nach rachaidh an srian thar an méid is gá agus is comhréireach, agus go gcuirfear úsáideoirí ar an eolas faoin gcúis leis an srianadh. Áireofar an fhéidearthacht leigheas breithiúnach a fháil sna coimircí sin.

Leasú 183
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh córas ar bun ag na Ballstáit ***le haghaidh bailiú, forbairt,*** táirgeadh agus ***scaipeadh staitisticí poiblí maidir le*** cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9.	1. Beidh córas ar bun ag na Ballstáit ***chun sonraí staidrimh anaithnidithe a thaifeadadh, a tháirgeadh agus a sholáthar maidir leis na céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha i ndáil leis na*** cionta ***coiriúla*** dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ***chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeart chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac***.

Leasú 184
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áireofar sna staitisticí sin na sonraí seo a leanas a bheidh imdhealaithe de réir gnéis, aois an íospartaigh agus an chiontóra, an gaol idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cineál an chiona:	2. Áireofar sna staitisticí sin na sonraí seo a leanas a bheidh imdhealaithe de réir gnéis***, inscne***, aois an íospartaigh agus an chiontóra, an gaol idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cineál an chiona:

Leasú 185
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 31 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an líon daoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, arna fháil ó fhoinsí riaracháin náisiúnta;	(b) an líon bliantúil ***cionta a tuairiscíodh,*** daoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, arna fháil ó fhoinsí riaracháin náisiúnta;